

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 155



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

8 Meitheamh 2022

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

TREORACHA

- ★ **Treoir (AE) 2022/890 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach do chalois agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tSásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL.....** 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/891 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsí, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe** 3
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/892 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí** 8
- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/893 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha ⁽¹⁾.....** 24

(¹) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/894 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2022 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gláráithe 36

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/895 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil ... 42
- ★ Cinneadh (AE) 2022/896 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhalta amháin agus comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don Rómáin 49

I

(Gníomhartha reachtacha)

TREORACHA

TREOIR (AE) 2022/890 ÓN gCOMHAIRLE

an 3 Meitheamh 2022

lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistriúcháin táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach do chalois agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir leis an gcalaois chánach i réimse na cánach breisluacha (CBL), is rud é sin as a n-eascraíonn cailteanais bhuiséadacha shuntasacha agus ag a mbíonn tionchar ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh.
- (2) Le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽³⁾, déantar foráil ionas gur féidir leis na Ballstáit, ar bhonn roghnach, an sásra aistriúcháin táillí (RCM) a úsáid le haghaidh CBL a íoc ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí réamhshainithe atá soghabhálach don chalois, go háirithe calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaité atá ar iarraidh. Foráilítear do bheart speisialta an tsásra Frithghnímh Mhear (SFM) leis an Treoir sin chomh maith, lena sholáthraítear do na Ballstáit, faoi choinníollacha dochta áirithe, nós imeachta níos tapa lena féidir RCM a thabhairt isteach, as a dtagann freagairt níos fearr agus níos éifeachtaí ar chalois thobann ollmhór. Rachaidh tréimhse chur chun feidhme an dá shásra in éag an 30 Meitheamh 2022.
- (3) Ghlac an Coimisiún dhá thogra reachtacha chun an córas cinntitheach CBL a thabhairt isteach, agus é d'aidhm acu freagairt chuimsitheach a thabhairt ar chalois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaité atá ar iarraidh. Na tograí sin, tograí a bhí beartaithe ar dtús teacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2022, tá siad fós á gcaibidil ag an gComhairle agus is féidir a thuar nach nglacfar iad roimh an dáta sin, agus nach dtiocfaidh siad i bhfeidhm an dáta sin.
- (4) Ina thuarascáil an 8 Márta 2018, ar éifeachtaí Airteagal 199a agus Airteagal 199b de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcalaois a chomhrac, léiríonn an Coimisiún gur mheas na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara i gcoitinne go raibh RCM ina uirlis shealadach éifeachtach chun calaois CBL a chomhrac. Thairis sin, mheas na Ballstáit go raibh SFM ina uirlis úsáideach agus ina bheart réamhchúraim úsáideach in aghaidh cásanna eisceachtúla chalois CBL. Ó

⁽¹⁾ Tuairim an 3 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽²⁾ Tuairim an 23 Márta 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

shin i leith, níor athraíodh na coinníollacha dlíthiúla ná na praiticiúlachtaí maidir le cur i bhfeidhm RCM i gcóras CBL an Aontais. Ina theannta sin, níor leasaíodh go suntasach Treoir 2006/112/CE chun dul i ngleic ar bhealach níos struchtúrtha le saincheist na calaoise laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh. Tá sé réasúnach, dá bhrí sin, glacadh leis go bhfuil na torthaí agus na breithnithe atá sa tuarascáil sin fós bailí den chuid is mó.

- (5) Is cosúil, dá bhrí sin, go raibh RCM agus SFM úsáideach mar bhearta sealadacha agus spriocdhírthe. Dá n-imeoidís in éag, d'fhágfaí na Ballstáit gan uirlisí éifeachtúla chun an chalaois a chomhrac. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le tréimse feidhme RCM agus SFM ar feadh tréimhse theoranta ama eile chun gur féidir an chaibidlíocht a dhéanamh sa Chomhairle maidir leis an gcóras cinntitheach CBL, agus chun gur féidir leanúint, idir an dá linn, d'fhorbairt na n-uirlisí chun an chalaois a chomhrac agus de nuachóiriú rialacha tuairiscithe atá le glacadh.
- (6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon uirlisí chun an chalaois a chomhrac a chaomhnú, a ghnóthú go leordhóthanach, agus gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (7) Ba cheart Treoir 2006/112/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2006/112/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 199a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“Go dtí an 31 Nollaig 2026, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gurb é an duine inchánach a soláthraítear aon cheann de na soláthairtí seo a leanas dó, gurb é sin an duine inchánach maidir le CBL:”;

(b) scriostar mír 3, mír 4 agus mír 5;

(2) in Airteagal 199b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. An beart speisialta SFM dá bhforáiltear i mír 1, beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2026.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 3 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

F. RIESTER

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/891 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsíú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus Airteagal 53(3) de, an chéad mhír, go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leasaíodh Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a mhéid a bhaineann leis an gcóras leasuithe ar shonraíocht táirge. Ón 8 Meitheamh 2022, cuireadh leasuithe ‘ar leibhéal an Aontais’ agus leasuithe ‘caighdeánacha’ in ionad leasuithe ‘nach mion’ agus ‘mionleasuithe’, le raon feidhme agus le nósanna imeachta atá éagsúil.
- (2) Tá forálacha i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾ lena bhforlíontar na rialacha maidir le leasuithe nach mion agus le mionleasuithe. Chun feidhmiú an chórais nua leasuithe a áirithiú, ba cheart rialacha nua a chur in ionad na rialacha atá sa Rialachán cheana maidir le leasuithe nach mion agus le mionleasuithe.
- (3) Ar mhaithe le héifeachtúlacht an nós imeachta, ba cheart riala a bhunú maidir le hinghlacthacht iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhorpheas. Ar na cúiseanna céanna, aon uair a bheidh leasuithe caighdeánacha, freisin, san iarratas ar fhorpheas leasú ar leibhéal an Aontais a fhorpheas, ba cheart a mheas nach ann do leasuithe caighdeánacha mar leasuithe atá ann cheana agus níor cheart iad a mheas mar leasuithe a fhorpheasadh i gcomhthéacs an leasaithe Aontais.

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásca geografach i ndáil le táirgí fiona cumhraithe agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha ar son na talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí san Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsíú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

- (4) Ba cheart an nós imeachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach agus ar leasú sealadach a bhunú ionas go mbeidh na Ballstáit in ann measúnú iomchuí a dhéanamh ar na hiarratais agus cur chuige comhsheasmhach a ráthú ar fud na mBallstát. Ba cheart cruinneas agus uileghabhálacht an mheasúnaithe a dhéanfaidh na Ballstáit a bheith coibhéiseach leis an gcruinneas agus leis an uileghabhálacht is gá le haghaidh an phróisis measúnaithe laistigh den nós imeachta lena rialaítear iarratais ar thásc geografach a chlárú.
- (5) Is gá rialacha a leagan síos chun comhordú a bhunú idir na nósanna imeachta le haghaidh leasuithe ar shonraíocht táirge i gcásanna ina mbeidh iarratais a bhaineann le leasú ar leibhéal an Aontais agus leasú caighdeánach ar feitheamh ag an am céanna faoi bhráid an Choimisiúin agus údarás inniúil an Bhallstáit, faoi seach. Ós rud é go leasaítear an tsonraíocht táirge chéanna leis an dá iarratas, agus go mbíonn an dá iarratas faoi réir dhá nós imeachta chomhthreomhara éagsúla, a bhíonn faoi réir amú éagsúil, ba cheart rialacha a leagan síos lena seachnófaí neamhréireachtaí.
- (6) Ba cheart rialacha idirthréimhseacha a ghlacadh chun aistriú rianúil ó rialacha reatha Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 go dtí na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú.
- (7) Ós rud é go mbeidh feidhm ag leasuithe ar shonraíocht táirge a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/2117 ón 8 Meitheamh 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

“Airteagal 6

Iarratais ar leasuithe ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge

Chun críocha Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh 1151/2012, is leasuithe ar leibhéal an Aontais, agus iad sin amháin, a chuirtear leasuithe ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge a fhorghnó. Má chuirtear leasuithe caighdeánacha nó sealadacha isteach le hiarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhorghnó, is maidir leis an leasú ar leibhéal an Aontais agus maidir leis sin amháin a bheidh feidhm ag an nós imeachta um leasuithe ar leibhéal an Aontais. Maidir le haon leasuithe caighdeánacha nó sealadacha a bheidh ina gcuid den iarratas, measfar iad sin a bheith ina leasuithe nár tiolacadh.”;

- (2) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 6a

Inghlacthacht iarratas ar fhorghnó ar leasuithe ar leibhéal an Aontais

1. Measfar iarratais ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge a fhorghnó a bheith inghlactha má tiolacadh iad i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus gur seoladh chuig an gCoimisiún iad i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 668/2014 ón gCoimisiún (*) agus go gcomhlíonann siad Airteagal 10 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

Maidir le formheas a dhéanfaidh an Coimisiún ar iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge a fhorghnó, ní chumhdófar leis an bhformheas sin ach na leasuithe ar leibhéal an Aontais a leagtar amach san iarratas.

2. Má mheasann an Coimisiún an t-iarratas a bheith neamh-inghlactha, déanfaidh sé údarás an Bhallstáit nó an tríú tír lena mbaineann nó an t-iarratasóir atá bunaithe i dtríú tír, de réir mar a bheidh, a chur ar an eolas faoi na cúiseanna a bhfuil sé neamh-inghlactha.

*Airteagal 6b***Leasuithe caighdeánacha ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint**

1. Chun críocha Airteagal 53 de Rialachán (AE) 1151/2012, i dtaca le hiarratais ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge a fhorfhormheas, cuirfear na hiarratais sin faoi bhráid údaráis an Bhallstáit arb ina chríoch atá limistéar geografach an táirge lena mbaineann. Murab é an grúpa iarrthach a thíolaic iarratas ar chosaint an ainm nó na n-ainmneacha dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge agus an t-iarratasóir a thíolaic an t-iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge a fhorfhormheas, tabharfaidh an Ballstát deis don ghrúpa iarrthach sin a bharúil a thabhairt ar an iarratas, más ann fós don ghrúpa iarratais sin.

San iarratas ar leasú caighdeánach a fhorfhormheas, tabharfar tuairisc ar na leasuithe caighdeánacha agus léireofar gurb incháilithe, mar leasuithe caighdeánacha i gcomhréir le hAirteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, na leasuithe atáthar a mholadh. De breis air sin tabharfar achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis na leasuithe freisin.

2. I gcás ina measfaidh an Ballstát gur comhlíonadh ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus ceanglais na bhforálacha a glacadh de bhun an Rialacháin sin, féadfaidh sé an leasú caighdeánach a fhorfhormheas. Cuimseofar sa chinneadh formheasa an tsonraíocht táirge chomhdhlúite arna leasú agus, i gcás inarb ábhartha, an doiciméad aonair chomhdhlúite arna leasú nó cuimseofar ann an tagairt leictreonach don leagan foilsithe den tsonraíocht táirge chomhdhlúite agus, i gcás inarb ábhartha, doiciméad aonair.

Poibleofar an cinneadh formheasa. Beidh feidhm ag an leasú caighdeánach formheasta sa Bhallstát lena mbaineann ó dháta poiblithe an chinnidh formheasa. Seolfaidh an Ballstát aon leasuithe caighdeánacha formheasta chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin ó dháta poiblithe an chinnidh formheasa náisiúnta. Cuirfidh an Ballstát in iúl don Choimisiún, gan aon mhoill mhíchúí, aon bhreithiúnas náisiúnta críochnaitheach neamh-inachomhairc lena neamhnítear cinneadh lena bhformheastar leasú caighdeánach.

3. Maidir le cinní lena bhformheastar leasuithe caighdeánacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tíortha, cuirfidh grúpa iarrthach a bhfuil leas dlisteanach aige na cinní sin in iúl don Choimisiún, trí chumarsáid dhíreach nó trí údaráis an tríú tír lena mbaineann, tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin ó dháta poiblithe an chinnidh ábhartha.

4. Measfar cumarsáid i leith leasú caighdeánach formheasta chuig an gCoimisiún a bheith curtha i gcrích go cuí tráth a chomhlíonfaidh an chumarsáid sin Airteagal 10a de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

5. I gcás ina mbeidh sé intuigthe as an leasú caighdeánach go leasaítear an doiciméad aonair dá bharr, foilseoidh an Coimisiún an tuairisc ar an leasú caighdeánach agus an doiciméad aonair arna leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, laistigh de 3 mhí ón dáta a fhaightear an chumarsáid i leith an leasaithe chaighdeánaigh sin.

I gcás nach mbeidh sé intuigthe as an leasú caighdeánach go leasaítear an doiciméad aonair dá bharr, poibleoidh an Coimisiún an tuairisc ar an leasú caighdeánach, trí bhíthin na gcóras digiteach dá dtagraítear i bpointe in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 668/2014, laistigh de 3 mhí ón dáta a fhaightear an chumarsáid i leith an leasaithe chaighdeánaigh sin.

An t-údarás náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 nó an grúpa iarrthach dá dtagraítear i mír 3 agus a chuir leasú caighdeánach in iúl don Choimisiún, leanfaidh sé de bheith freagrach as inneachar an leasú chaighdeánaigh sin.

6. Beidh feidhm ag leasuithe caighdeánacha i gcríoch an Aontais ón dáta a fhoilsítear iad de bhun mhír 5, an chéad fhomhír, nó a poiblíodh de bhun mhír 5, an dara fhomhír.

7. I gcás ina mbeidh níos mó ná aon Bhallstát amháin faoin limistéar geografach, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an nós imeachta um leasuithe caighdeánacha i bhfeidhm ar leithligh. Ní bheidh feidhm ag an leasú caighdeánach i gcríoch na mBallstát lena mbaineann go dtí go dtiocfaidh an ceann deireanach de na cinní formheasa náisiúnta i bhfeidhm. An Ballstát sin a bheidh ar an mBallstát deireanach a fhorfhormheasfaidh an leasú caighdeánach, seolfaidh sé an chumarsáid ábhartha chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin ó dháta poiblithe an chinnidh formheasa.

Mura nglacfaidh ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit lena mbaineann an cinneadh formheasa náisiúnta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann an t-iarratas sin a thíolacadh faoin nós imeachta um leasú ar leibhéal an Aontais.

8. Beidh feidhm ag mír 7 *mutatis mutandis* i gcás ina mbeidh cuid den limistéar geografach i gcríoch tríú tír.

Airteagal 6c

An gaol idir leasuithe ar leibhéal an Aontais agus leasuithe Caighdeánacha

1. Maidir le leasú caighdeánach lenarb intuigthe leasú an doiciméid aonair, i gcás ina bhformheasfar leasú caighdeánach den chineál sin fad a bheidh iarratas ar fhormheas an Choimisiúin ar leasú ar leibhéal an Aontais ar feitheamh, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, dá réir sin, an doiciméad aonair a thabhairt cothrom le dáta, eadhon an doiciméad aonair atá ina chuid den iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhormheas. I gcás inar foilsíodh an leasú ar leibhéal an Aontais atá ar feitheamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun go bhféadfaí dul i bhfreasúra ina leith, foilseofar an leagan nuashonraithe den doiciméad aonair in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith L, mar iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán cur chun feidhme lena bhformheastar an leasú ar leibhéal an Aontais.

2. I gcás, maidir leis an leagan leasaithe den doiciméad aonair atá ina chuid d'iarratas ar leasú caighdeánach arna fhormheas ar an leibhéal náisiúnta, nach gcuirtear san áireamh sa leagan leasaithe sin na leasuithe ar leibhéal an Aontais is déanaí a formheasadh, ní fhoilseofar an leasú caighdeánach sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. An Ballstát a d'fhormheas an leasú caighdeánach sin, seolfaidh an Ballstát sin chuig an gCoimisiún an leagan comhdhlúite den doiciméad aonair arna leasú ag an Aontas agus ag na leasuithe caighdeánacha, chun go bhfoilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6d

Leasuithe sealadacha ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint

1. Maidir le leasuithe sealadacha ar shonraíocht táirge, déanfaidh an Ballstát ar ina chríoch atá limistéar geografach an táirge lena mbaineann, déanfaidh sé na leasuithe sealadacha sin a fhormheas agus a phoibliú. Cuirfidh an Ballstát na leasuithe caighdeánacha, maille leis na cúiseanna atá i dtacaíocht leo, in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná 1 mhí ó dháta poiblithe an chinnidh formheasa náisiúnta. Beidh feidhm ag leasú sealadach sa Bhallstát lena mbaineann ó dháta poiblithe an chinnidh lena bhformheastar an leasú.

2. I gcás ina mbeidh níos mó ná aon Bhallstát amháin faoin limistéar geografach, cuirfidh gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann an nós imeachta um leasuithe sealadacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm ar leithligh.

3. Maidir le leasuithe sealadacha a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tíortha, déanfaidh grúpa iarrthach a bhfuil leas dlisteanach aige na leasuithe sealadacha sin a chur in iúl don Choimisiún, maille leis na cúiseanna atá i dtacaíocht leo, trí chumarsáid dhíreach leis an gCoimisiún nó trí údaráis an tríú tír sin, tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis a bhformheasta.

4. Measfar cumarsáid i leith leasú sealadach formheasta chuig an gCoimisiún a bheith curtha i gcrích go cuí tráth a chomhlíonfaidh an chumarsáid sin Airteagal 10b de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

5. Poibleoidh an Coimisiún an chumarsáid i leith leasuithe sealadacha trí bhíthin na gcóras digiteach dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014, laistigh de 3 mhí ón dáta a gheobhaidh sé an chumarsáid i leith leasú sealadach. Beidh feidhm ag leasú sealadach i gcríoch an Aontais ón dáta a phoibleoidh an Coimisiún é.

An t-údarás náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3 nó an grúpa iarrthach dá dtagraítear i mír 3 agus a chuir leasú sealadach in iúl don Choimisiún, leanfaidh sé de bheith freagrach as inneachar an leasaithe shealadaigh.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36)."

*Airteagal 2***Rialacha idirthréimhseacha**

Maidir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014, mar a bhí sé roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar leasuithe nach mion agus ar mhionleasuithe, agus maidir leis na teachtaireachtaí faoi leasuithe sealadacha, lar an tsonraíocht táirge ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ar thásca geografacha faoi chosaint agus ar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht atá ar feitheamh leis an gCoimisiún roimh an 8 Meitheamh 2022.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Meitheamh 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/892 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 49(7), an dara fómhír, agus 53(3), an dara fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leasaíodh Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a mhéid a bhaineann leis an gcóras leasuithe ar shonraíocht táirge. Ón 8 Meitheamh 2022, cuirtear leasuithe ‘ar leibhéal an Aontais’ agus leasuithe ‘caighdeánacha’ in ionad leasuithe ‘nach mion’ agus ‘mionleasuithe’, faoi seach, a mbaineann raon feidhme agus nósanna imeachta difriúla leo.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾, leagtar amach na coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur i bhfeidhm na leasuithe nach mion agus na mionleasuithe. Chun feidhmiú an chórais nua leasuithe a áirithiú, ba cheart rialacha nua a chur in ionad na rialacha atá sa Rialachán sin cheana maidir le leasuithe nach mion agus mionleasuithe.
- (3) Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil agus le bainistíocht éifeachtúil an chórais, ba cheart rialacha mionsonraithe a sholáthar maidir le ceanglais, na foirmeacha agus na sprioc-amanna le haghaidh iarratas ar leasuithe ar leibhéal an Aontais a fhorghas agus le haghaidh teachtaireachtaí maidir le leasuithe caighdeánacha formheasta nó le leasuithe sealadacha formheasta.
- (4) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, is iad an Coimisiún agus na Ballstáit a dhéanann na nósanna imeachta maidir le leasuithe ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tasc geografach faoi chosaint in earnáil an bhia, agus ar shonraíocht táirge sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht. Tá an Coimisiún agus na Ballstáit freagrach as céimeanna difriúla na gcineálacha éagsúla nós imeachta. I gcás na n-iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar an tsonraíocht táirge a fhorghas, is iad na Ballstáit a dhéanann iad a phróiseáil agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Is é an Coimisiún atá freagrach as grinnscrúdú a dhéanamh ar na hiarratais sin agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an leasú ar leibhéal an Aontais. Is iad na Ballstáit atá freagrach as leasú caighdeánach nó sealadach a fhorghas. Cuirtear formheas na leasuithe sin faoi bhráid an Choimisiúin, a bhfuil sé d’oibleagáid air iad a chur ar fáil do phobal an Aontais.
- (5) Na nósanna imeachta le haghaidh fhorghas an Choimisiúin ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tasc geografach faoi chosaint agus ar shonraíocht táirge sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, chun iad a bhainistiú mar is ceart, is gá na tagairtí a bhaineann leis na hiarratasóirí ar fhorghas leasuithe ar leibhéal an Aontais a phróiseáil. Bíonn gá leis sin freisin i gcomhthéacs bhainistíochta na nósanna imeachta maidir le leasú caighdeánach nó sealadach ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó ar shonraíocht táirge tasc geografach faoi chosaint a chur in iúl don Choimisiún, a mhéid a bhaineann leis an údarás nó leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil an leasú caighdeánach nó sealadach formheasta á chur in iúl aige nó acu. Is de chineál poiblí iad na nósanna imeachta sin. Tá gá le trédhearcacht chun iomaíocht chóir idir na hoibreoírí a chumasú agus chun na leasanna eacnamaíochta príobháideacha agus poiblí a bhaineann leis na

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

nósanna imeachta sin a shainithint go poiblí. Ainm an ghrúpa iarrthaigh a bhfuil iarratas á chur isteach aige ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhorghrúpa le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart é a fhoilsiú chun an t-eintiteas a bhfuil an nós imeachta maidir le leasú gníomhachtaí aige a shainithint agus ionas gur féidir le freasúróirí féideartha agóid a dhéanamh in aghaidh leas dlisteanach an eintitis sin. Ba cheart ainm an údarais, an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an leasú caighdeánach nó sealadach formheasta á chur in iúl aige a fhoilsiú chun an fhreagracht as fógra a thabhairt don Choimisiún faoi a shainithint agus dá bhrí sin as é a chur ar fáil do phobal an Aontais. D'fhonn nochtadh sonraí pearsanta a íoslághdú, ba cheart ceanglais maidir le sonraí pearsanta a chur isteach a sheachaint a mhéid is féidir sna doiciméid atá le cur isteach le linn na nósanna imeachta sin. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit le faisnéis a phróiseáil ina bhfuil sonraí pearsanta amháil ainmneacha pearsanta agus sonraí teagmhála. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sonraí den sórt sin a nochtadh nó a chur ar fáil don phobal.

- (6) Ar mhaithe le bainistíocht éifeachtach riaracháin, agus an taithí a fuarthas trí na córais faisnéise a chuir an Coimisiún i bhfeidhm á chur san áireamh, ba cheart teachtaireachtaí idir na Ballstáit agus an Coimisiún a shimpliú agus ba cheart an fhaisnéis a mhaltú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (7) Tá an córas faisnéise 'e-Ambrosia' curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun bainistíocht a dhéanamh ar na hiarratais ar chosaint tásca geografach i gcás bia, fíona, deochanna biotáilleacha agus fionta cumhraithe. Tá na Ballstáit agus an Coimisiún leis an gcóras sin amháin a úsáid le haghaidh teachtaireachtaí maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann le hiarratais ar chláir agus ar fhorghrúpa a dhéanamh ar leasuithe ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh agus tásca geografach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Mar sin féin, mar gheall ar dhianchóras creidiúnaithe, níor cheart an córas sin a úsáid le haghaidh teachtaireachtaí leis na Ballstáit maidir leis an nós imeachta i ndáil le freasúraí agus iarrataí ar chealú agus, go dtí go bhfaighfear na ráthaíochtaí slándála digiteacha is gá, níor cheart é a úsáid le haghaidh cumarsáid le tríú tíortha. Ina ionad sin, i gcás na nósanna imeachta maidir le freasúraí agus iarrataí ar chealú, ba cheart do na Ballstáit, na húdaráis inniúla agus táirgeoirí tríú tíortha, chomh maith le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlisteanach acu faoin Rialachán sin cumarsáid a dhéanamh leis an gCoimisiún le ríomhphost.
- (8) Chun trédhearcacht, éifeachtúlacht agus aonfhoirmeacht a fheabhsú ar fud na mBallstát, ba cheart an Clár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint a bhunú i bhfoirm leictreonach. Ba cheart an clár a bheith ina bhunachar sonraí leictreonach arna bhainistiú laistigh de chórais dhigiteacha arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún, ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal air agus ba cheart don Choimisiún é a nuashonrú go leanúnach.
- (9) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an gCoimisiún le linn na nósanna imeachta maidir le leasuithe ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus ar shonraíocht táirge tásca geografach faoi chosaint in earnáil an bhia, agus ar shonraíocht táirge sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht. Is iomchuí a shoiléiriú go bhfuil an Coimisiún le meas ina rialaitheoir de réir bhrí an Rialacháin sin i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sna nósanna imeachta a bhfuil sé freagrach astu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- (10) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na Ballstáit le linn na nósanna imeachta ábhartha maidir le leasuithe ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus ar shonraíocht táirge tásca geografach faoi chosaint in earnáil an bhia, agus ar shonraíocht táirge sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú go bhfuil údaráis inniúla na mBallstát le meas ina rialaitheoirí de réir bhrí an Rialacháin sin i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sna nósanna imeachta a bhfuil siad freagrach astu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (11) Le Rialachán (AE) 2021/2117, leasáíodh raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Dá bhrí sin, ba cheart fionta cumhraithe, deochanna alcólacha eile cé is moite de dheochanna biotáilleacha agus de tháirgí fíniúna agus céir beach a chur leis na haicmí táirgí a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir leo.
- (12) Ba cheart foráil a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil dóthain ama ann chun go n-éascófar aistriú rianúil ó na rialacha dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 maidir leis na modhanna cur isteach. Ba cheart socruithe idirthrémhseacha a chur i bhfeidhm maidir le hiarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasuithe nach mion nó ar mhionleasuithe ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht a cuireadh isteach roimh an 8 Meitheamh 2022.
- (13) Ós rud é go mbeidh feidhm ón 8 Meitheamh 2022 ag leasuithe ar shonraíocht táirge a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/2117, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

Ceanglais nós imeachta maidir le hiarratais ar chlárú sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht

1. Áireofar an fhaisnéis a iarrtar in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i ndoiciméad aonair sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc gheografaigh faoi chosaint dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Treorófar le tagairt foilseacháin na sonraíochta táirge a fhoilsítear leis an doiciméad aonair chuig an leagan den tsonraíocht táirge a mholtar.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, tarraingeofar suas an doiciméad aonair i gcomhréir leis an bhfoirm arna cur ar fáil sna córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a).

I gcás ina gcuirfidh údarás tríú tír nó iarratasóir atá bunaithe i dtríú tír an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, tarraingeofar suas an doiciméad aonair i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthrófar amhlaidh a iontráil ina chórais dhigiteacha.

3. Beidh an doiciméad aonair achomair agus ní bheidh sé níos faide ná 2 500 focal, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 freisin maidir le doiciméad aonair a chumhdaítear le hiarraidh ar fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 664/2014.

5. Áireofar an fhaisnéis a iarrtar in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo i sonraíocht táirge sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal (19) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Tarraingeofar suas í i gcomhréir leis an bhfoirm dá bhforáiltear san Iarscríbhinn sin.;

(2) in Airteagal 8, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'An Ballstát, údarás an tríú tír nó iarratasóir atá bunaithe i dtríú tír a chuirfidh iarratas comhphárteach faoi bhráid an Choimisiúin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, is é a bheidh ina sheolaí i leith aon fhógra nó aon chinneadh a eiseoidh an Coimisiún.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

Iarratais ar leasuithe ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge

1. Beidh an méid seo a leanas in iarratas ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012:

- (a) an t-ainm faoi chosaint lena mbaineann an leasú;
- (b) ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra agus tuairisc ar leas dlisteanach an iarratasóra;
- (c) na ceanteidil sa tsonraíocht táirge agus, a mhéid a bhaineann le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus le tásca geografacha faoi chosaint, sa doiciméad aonair, ar ceanteidil iad a bhaineann leis na hábhair a ndéanann an leasú difear dóibh;
- (d) i gcás sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, míniú go dtagann an leasú faoin sainmhíniú ar leasú ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012;
- (e) tuairisc ar gach ceann de na leasuithe arna moladh agus na cúiseanna leo;
- (f) i gcás sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, an doiciméad aonair comhdhlúite arna leasú;
- (g) i gcás iarratais arna gcur isteach ag Ballstát maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, an tagairt leictreonach d'fhoilsiú na sonraíochta táirge comhdhlúite arna leasú;
- (h) i gcás iarratais arna gcur isteach ag tríú tír maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, an leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna fhoilsiú, nó tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge;
- (i) i gcás iarratais ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus ar thásca geografacha faoi chosaint ó thríú tíortha amháin, cruthúnas go gcomhlíonann an leasú arna iarraidh na dlíthe maidir le cosaint tasc geografach i bhfeidhm sa tríú tír sin;
- (j) i gcás iarratais a bhaineann le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, an tsonraíocht táirge chomhdhlúite arna leasú;
- (k) i gcás gach iarratais arna chur isteach ag na Ballstáit, an dearbhú ón mBallstát go measann sé go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

An tuairisc agus na cúiseanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (e), agus an doiciméad aonair dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (f), ní bheidh siad níos faide ná 2 500 focal an ceann, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

2. Beidh iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhormheas achomair agus ní bheidh sé níos faide ná 5 000 focal, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

3. Iarratas ó Bhallstát ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tasc gheografaigh faoi chosaint, tarraingeofar suas é i gcomhréir leis an bhfoirm arna cur ar fáil sna córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a). Iarratas ó Bhallstát ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht, tarraingeofar suas é i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthrófar amhlaidh a iontráil ina chórais dhigiteacha.

Úsáidfidh iarratasóirí ó thríú tíortha an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V le haghaidh leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint agus an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI le haghaidh leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht. Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthrófar amhlaidh a iontráil ina chórais dhigiteacha.

4. An doiciméad aonair leasaithe ina leagtar amach sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint agus an tsonraíocht táirge leasaithe le haghaidh sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht, tarraingeofar suas iad gcomhréir le hAirteagal 6. Iarratas ó thríú tír ar leasú ar leibhéal an Aontais i gcás sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint, féadfar an leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge a áireamh ann in ionad na tagartha leictreonaí don tsonraíocht táirge fhoilsithe.

5. Chun críocha Airteagal 53(2), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, i gcomhar le hAirteagal 50(2) den Rialachán sin, anuas ar na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear ann, arna leasú, foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an t-iarratas ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar an tsonraíocht táirge.

I gcás ina n-áireofar sonraí pearsanta san iarratas, foilseofar iad mar chuid den iarratas sin.;

(4) cuirtear an tAirteagal 10a agus an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:

'Airteagal 10a

Leasú caighdeánach a chur in iúl

1. Beidh an méid seo a leanas i dteachtairacht maidir le leasú caighdeánach formheasta ar an tsonraíocht táirge i gcomhréir le hAirteagal 6b(2), an dara fomhír, agus le hAirteagal 6b(3), (7) agus (8) de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 664/2014:

- (a) an tagairt don ainm faoi chosaint a mbaineann an leasú caighdeánach leis;
- (b) míniú go dtagann an leasú faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012;
- (c) tuairisc ar an leasú formheasta, ina léirítear an mbeidh leasú ar an doiciméad aonair ina thoradh ar an leasú;
- (d) an cinneadh lena bhformheastar an leasú caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 6b(2), an chéad fhomhír, agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 664/2014;
- (e) i gcás inarb ábhartha, an doiciméad aonair comhdhlúite arna leasú;
- (f) an tagairt leictreonach d'fhoilsiú na sonraíochta táirge comhdhlúite, arna leasú.

2. I gcás inarb é Ballstát a sheolfaidh an teachtaireacht, áireofar léi dearbhú ón mBallstát sin go measann sé go gcomhlíonann an leasú formheasta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

3. I gcás iarratais a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tíortha, maidir leis an teachtaireacht ó údaráis an tríú tír nó ó iarratasóir tríú tír a bhfuil leas dlisteanach aige, léireofar inti ainm an tríú tír nó an iarratasóra a bhfuil an teachtaireacht á seoladh aige agus áireofar inti cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír. Féadfar a áireamh inti an tsonraíocht táirge arna cur ar fáil don phobal in ionad na tagartha leictreonaí dá foilsiú.

4. Teachtaireacht ó Bhallstát maidir le leasú caighdeánach formheasta, tarraingeofar suas í i gcomhréir leis an bhfoirm arna cur ar fáil sna córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a). I gcás teachtaireachtaí ó thríú tíortha, úsáidfean an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Iontrálfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthrófar amhlaidh ina chórais dhigiteacha.

5. Chun críocha Airteagal 6b(5) de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 664/2014, foilseofar mar chuid den teachtaireacht ainm an Bhallstáit nó an tríú tír nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil teachtaireacht maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh faoi chosaint á cur isteach aige.

*Airteagal 10b***Leasú sealadach a chur in iúl**

1. Beidh an méid seo a leanas i dteachtaireacht maidir le leasú sealadach formheasta ar an tsonraíocht táirge i gcomhréir le hAirteagal 6d(1) go (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014:

- (a) an tagairt don ainm faoi chosaint a mbaineann sí leis;
- (b) tuairisc ar an leasú sealadach formheasta mar aon leis na cúiseanna lena dtacaítear leis, dá dtagraítear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) 1151/2012;
- (c) an cinneadh ó na húdaráis inniúla lena n-aithnítear go foirmiúil an tubaiste nádúrtha nó lena bhforchuirtear bearta éigeantacha sláintiúchá agus fiteashláintiúchá nó na tagairtí leictreonacha foilseacháin faoi seach;
- (d) an cinneadh lena bhformheastar an leasú sealadach nó an tagairt leictreonach foilseacháin.

2. I gcás inarb é Ballstát a sheolfaidh an teachtaireacht, áireofar léi dearbhú ón mBallstát sin go measann sé go gcomhlíonann an leasú formheasta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

3. I gcás iarratais a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tíortha, maidir leis an teachtaireacht ó údaráis an tríú tír nó ón iarratasóir tríú tír a bhfuil leas dlisteanach aige, léireofar inti ainm an tríú tír nó an iarratasóra a bhfuil an teachtaireacht á seoladh aige agus áireofar inti cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír. Féadfar a áireamh inti an cinneadh náisiúnta lena bhformheastar an leasú sealadach arna chur ar fáil don phobal in ionad na tagartha leictreonaí don tagairt foilseacháin a bhaineann leis.

4. Teachtaireacht ó Bhallstát maidir le leasú sealadach formheasta, tarraingeofar suas í i gcomhréir leis an bhfoirm arna cur ar fáil sna córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a). I gcás teachtaireachtaí ó thríú tíortha, úsáidfear an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. Iontrálfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthrófar amhlaidh ina chórais dhigiteacha.

5. Chun críocha Airteagal 6d(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014, foilseofar mar chuid den teachtaireacht ainm an Bhallstáit nó an tríú tír nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil teachtaireacht maidir le leasú sealadach formheasta ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint á cur isteach aige.;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*Airteagal 12***Teachtaireachtaí idir an Coimisiún, na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoírí eile**

1. Na doiciméid agus an fhaisnéis is gá chun Teidil II agus III de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na forálacha lena mbaineann a chur chun feidhme, cuirfear chuig an gCoimisiún iad mar a leanas:

- (a) i gcás údarás inniúil na mBallstát, trí na córais dhigiteacha arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún, faoi réir mhír 2 den Airteagal seo;
- (b) i gcás údarás inniúla agus táirgeoírí tríú tíortha, chomh maith le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlisteanach acu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, le ríomhphost trí úsáid a bhaint as na foirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I go IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

Beidh feidhm ag prionsabail agus ceanglais a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún (*) agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún (**) maidir leis an gcumarsáid a dhéanfar faoin gcéad fhomhír, pointe (a).

2. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), is le ríomhphost a chuirfidh údaráis inniúla na mBallstát na doiciméid seo a leanas isteach:

- (a) an ráiteas freasúra réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1);
- (b) an fógra faoi thoradh na gcomhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3);

- (c) an iarraidh ar chealú dá dtagraítear in Airteagal 11;
- (d) an t-iaratas ar shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht a chlárú dá dtagraítear in Airteagal 6(5);
- (e) an t-iaratas ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10.

3. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a chur in iúl agus a chur ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát trí na córais dhigiteacha arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a). Faisnéis i gcomhthéacs na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b) agus i mír 2, is le ríomhphost a chuirfidh an Coimisiún in iúl í do na Ballstáit, d'údaráis inniúla agus grúpaí iarrthacha tríú tíortha agus do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlísteanaigh acu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

4. I gcás cumarsáid theicniúil oifigiúil maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún pointe teagmhála amháin arb é atá ann seoladh roinne agus seoladh poist, seoladh bosca ríomhphoist fheidhmiúil agus uimhir theileafóin roinne. Coimeádfaidh na Ballstáit na pointí teagmhála sin cothrom le dáta. Ní shainaitheofar leis na sonraí sin ach feidhmeanna oifigiúla, oifigí agus ranna. Ní shainaitheofar le haon cheann de na sonraí aon duine nádúrtha ná sonra pearsanta a chuimsítear ar bhealach eile i seoltaí, uimhreacha teagmhála nó míreanna sonraí eile.

Féadfaidh an Coimisiún liosta iomlán na bpointí teagmhála sin a choimeád, a stóráil, a chomhroinnt, a chur ar fáil don phobal agus a scaipeadh go tréimhsiúil, lena n-áirítear chuig a sheirbhísí féin, chuig institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais agus chuig gach pointe teagmhála ar an liosta. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal go gcuirfear na sonraí sin isteach trí chórais dhigiteacha arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113).;

- (6) cuirtear an tAirteagal 12a a leanas isteach:

'Airteagal 12a

Teachtairachtaí a chur isteach agus a fháil

1. Measfar na teachtaireachtaí agus na haighneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12 a bheith déanta an dáta a gheobhaidh an Coimisiún iad.
2. Gach teachtaireacht a fuarthas agus gach comhad a cuireadh isteach trí na córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a), tabharfaidh an Coimisiún deimhniú go bhfuarthas iad d'údaráis inniúla na mBallstát trí na córais dhigiteacha.

Sannfaidh an Coimisiún uimhir chomhaid do gach iaratas nua ar chlárú, gach iaratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhormheas, gach teachtaireacht maidir le leasuithe caighdeánacha formheasta agus gach teachtaireacht maidir le leasuithe sealadacha formheasta.

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa deimhniú fála:

- (a) uimhir an chomhaid;
- (b) ainm an táirge lena mbaineann;
- (c) an dáta fála.

Is trí na córais dhigiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, pointe (a), a thabharfaidh an Coimisiún fógra faoi fhaisnéis agus barúlacha maidir le teachtaireachtaí agus aighneachtaí den sórt sin, mar aon le hiad a chur ar fáil.

3. I gcás teachtaireachtaí arna seoladh le ríomhphost agus i gcás comhaid arna gcur isteach le ríomhphost, is le ríomhphost a dheimhneoidh an Coimisiún go bhfuarthas iad.

Sannfaidh sé uimhir chomhaid do gach iarratas nua ar chláru, gach iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais a fhorghnó, gach teachtaireacht maidir le leasuithe caighdeánacha formheasta agus gach teachtaireacht maidir le leasuithe sealadacha formheasta.

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad sa deimhniú fála:

- (a) uimhir an chomhaid;
- (b) ainm an táirge lena mbaineann;
- (c) an dáta fála.

Is le ríomhphost a thabharfaidh an Coimisiún fógra faoi fhaisnéis agus barúlacha maidir le teachtaireachtaí agus aighneachtaí den sórt sin, mar aon le hiad a chur ar fáil.

4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 agus ag Airteagail 1 go 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 maidir le fógra a thabhairt faoi fhaisnéis agus maidir leis an bhfaisnéis sin a chur ar fáil, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.;

(7) in Airteagal 14, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gClár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint dá dtagraítear i mír 1, agus bunófar i bhfoirm leictreonach é. Beidh sé bunaithe ar chórais dhigiteacha arna mbainistiú ag an gCoimisiún agus tabharfar cothrom le dáta é i gcomhréir leis an Airteagal seo.’;

(8) cuirtear an tAirteagal 14a a leanas isteach:

‘Airteagal 14a

Cosaint sonraí

1. Na sonraí pearsanta arna bhfáil le linn na nósanna imeachta maidir le leasuithe ar leibhéal an Aontais a fhorghnó agus maidir le leasuithe caighdeánacha agus sealadacha a chur in iúl, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit iad a phróiseáil agus a chur ar fáil don phobal, de bhun an Rialacháin seo, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus (AE) 2016/679 (**).

2. Measfar gur rialaitheoir é an Coimisiún de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil sa nós imeachta a bhfuil sé inniúil ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 agus leis an Rialachán seo.

3. Measfar gur rialaitheoirí iad údaráis inniúla na mBallstát de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil sna nósanna imeachta a bhfuil siad inniúil ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 agus leis an Rialachán seo.

(*) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(**) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).;

(9) Leasaítear Iarscríbhinn V go VIII agus XI i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2***Rialacha idirthréimhseacha**

1. Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 mar a bhí sé roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais ar leasuithe nach mion agus ar mhionleasuithe, agus maidir leis na teachtaireachtaí i ndáil le leasuithe sealadacha ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografach faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht atá ar feitheamh leis an gCoimisiún roimh an 8 Meitheamh 2022.
2. Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 mar a bhí sé roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir leis na Ballstáit go dtí an 7 Nollaig 2022 i ndáil le hiarratais ar chlárú agus ar leasuithe ar leibhéal an Aontais a fhorhmeas, agus maidir le teachtaireachtaí i ndáil le leasuithe caighdeánacha agus sealadacha ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografach faoi chosaint.
3. Go dtí an 7 Nollaig 2022, úsáidfidh na Ballstáit a leanann de chumarsáid a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 mar a bhí sé roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo:
 - (a) Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 le haghaidh iarratais ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus ar thásca geografacha faoi chosaint a chlárú;
 - (b) Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh iarratais ar fhorhmeas a dhéanamh ar leasuithe ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografach faoi chosaint;
 - (c) Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh teachtaireachtaí maidir le leasuithe caighdeánacha ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografach faoi chosaint;
 - (d) Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh leasuithe sealadacha ar shonraíocht táirge sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografach faoi chosaint.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Meitheamh 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní V go VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní V go VIII:

‘IARSCRÍBHINN V

Iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)****1. Ainm an táirge**

[mar a cláraíodh é]

2. Cineál an táisc gheografaigh

[Cuir ‘X’ sa bhosca iomchuí] STFC TGFC

3. Iarratasóir agus leas dlisteanach

[Soláthair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra a bhfuil an leasú á mholadh aige. I gcás inar le duine nádúrtha a bhaineann an seoladh, an uimhir theileafóin agus an seoladh ríomhphoist, ní áireofar iad san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

Soláthair ráiteas freisin ina leagtar amach leas dlisteanach an ghrúpa iarrthaigh.]

4. Tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach

...

5. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair a mbaineann an leasú nó na leasuithe leis

- Ainm an táirge
- Nasc
- Srianata margaíochta

6. Cineál an leasaithe nó na leasuithe

[Soláthair ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar ‘leasú ar leibhéal an Aontais’ dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012].

7. Leasú nó leasuithe

[Soláthair tuairisc ar gach leasú agus na cúiseanna atá leis mar a fhoráiltear in Airteagal 6a(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 agus in Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014].

8. Iarscríbhinní

- 8.1. An doiciméad aonair comhdhlúite arna leasú, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.
- 8.2. An leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna fhoilsiú, nó an tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta táirge.
- 8.3. Cruthúnas go gcomhfhreagraíonn na doiciméid leasaithe don tásc geografach atá i bhfeidhm sa tríú tír.

IARSCRÍBHINN VI

Iarratas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)****1. Ainm an táirge**

[mar a cláraíodh é]

2. Iarratasóir agus leas dlisteanach

[Soláthair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra a bhfuil an leasú á mholadh aige. I gcás inar le duine nádúrtha a bhaineann an seoladh, an uimhir theileafóin agus an seoladh ríomhphoist, ní áireofar iad san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

Soláthair ráiteas freisin ina leagtar amach leas dlisteanach an ghrúpa iarrthaigh.]

3. Ballstát nó tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach

...

4. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a mbaineann an leasú nó na leasuithe leis

- Ainm an táirge
- Tuairisc ar an táirge
- Modh táirgthe
- Eile [le sonrú]

5. Leasú nó leasuithe

[Soláthair tuairisc ar gach leasú agus na cúiseanna atá leis mar a fhoráiltear in Airteagal 6a(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 664/2014 agus in Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.]

6. Iarscríbhinní**6.1. (Na Ballstáit)**

- (a) An leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge, arna fhoilsiú, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.
- (b) An dearbhú go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

6.2. (Tríú tíortha)

An leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna fhoilsiú, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.

IARSCRÍBHINN VII

Formheas leasaithe chaighdeánaigh a chur in iúl**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)****1. Ainm an táirge**

[mar a cláraíodh é]

2. Tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach

...

3. **Údarás náisiúnta nó grúpa iarrthach a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

[Ainmneacha agus tagairtí an táirgeora aonair nó an ghrúpa táirgeoirí a bhfuil leas dlisteanach aige, nó ainmneacha agus tagairtí údaráis an tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach, ar táirgeoir aonair nó grúpa táirgeoirí nó údaráis é nó iad a bhfuil an leasú á chur in iúl aige nó acu (féach Airteagal 49(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012). Ní áireofar ainmneacha agus tagairtí a bhaineann le daoine nádúrtha san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

4. **Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta**

[Soláthair tuairisc ar an leasú caighdeánach nó na leasuithe caighdeánacha agus ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Léirigh cé acu atá leasú ar an doiciméad aonair ina thoradh ar an leasú nó nach bhfuil.].

5. **Iarscríbhinní**

- 5.1. An cinneadh lena bhformheastar an leasú caighdeánach.
- 5.2. An cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír.
- 5.3. An doiciméad aonair comhdhlúite, arna leasú, i gcás inarb ábhartha.
- 5.4. Cóip den leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna fhoilsiú nó an tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge.

IARSCRÍBHINN VIII

Formheas leasaithe shealadaigh a chur in iúl Rialachán

(AE) Uimh. 1151/2012

1. **Ainm an táirge**

[mar a cláraíodh é]

2. **Tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach**

...

3. **Údarás náisiúnta nó grúpa iarrthach a bhfuil an leasú sealadach á chur in iúl aige**

[Ainmneacha agus tagairtí an táirgeora aonair nó an ghrúpa táirgeoirí a bhfuil leas dlisteanach aige, nó ainmneacha agus tagairtí údaráis an tríú tír lena mbaineann an limistéar geografach, ar táirgeoir aonair nó grúpa táirgeoirí nó údaráis é nó iad a bhfuil an leasú á chur in iúl aige nó acu (féach Airteagal 49(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012). Ní áireofar ainmneacha agus tagairtí a bhaineann le daoine nádúrtha san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

4. **Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta**

[Soláthair tuairisc ar an leasú sealadach nó na leasuithe sealadacha agus na cúiseanna sonracha atá leis nó leo lena n-áirítear tagairt don aitheantas foirmiúil ar an tubaiste nádúrtha nó na dálaí drochaimsire ag na húdaráis inniúla nó d'fhorchur beart éigeantach sláintíochta agus fiteashláintíochta. Soláthair freisin ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar 'leasú sealadach' dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012].

5. **Iarscríbhinní**

- 5.1. An cinneadh ó na húdaráis inniúla lena n-aithnítear go foirmiúil an tubaiste nádúrtha nó lena bhforchuirtear bearta éigeantacha sláintíochta agus fiteashláintíochta nó na tagairtí leictreonacha foilseacháin faoi seach.
- 5.2. An cinneadh lena bhformheastar an leasú sealadach nó an tagairt leictreonach foilseacháin.
- 5.3. An cruthúnas go bhfuil an leasú infheidhme sa tríú tír;

(2) Leasaítear Roinn 2 d'Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) i gcuid I, cuirtear na fleasca seo a leanas isteach:

- Aicme 2.21. fíonta cumhraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*),
- Aicme 2.22. deochanna alcólacha eile,
- Aicme 2.23. céir beach.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle (IO L 84, 20.3.2014, lch. 14).;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad chuid II:

II. Sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht

- Aicme 2.24. béilí réamhullmhaithe,
- Aicme 2.25. beoir,
- Aicme 2.26. seacláid agus táirgí díorthaithe,
- Aicme 2.27. arán, pastaetha, cácaí, milseogra, brioscaí agus earraí eile báicéara,
- Aicme 2.28. deochanna a dhéantar as eastóscáin phlandaí,
- Aicme 2.29. pasta,
- Aicme 2.30. salann.'

IARSCRÍBHINN II

Iarratas ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint de thionscnamh Ballstáit**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

(le húsáid idir an 8 Meitheamh 2022 agus an 7 Nollaig 2022 amháin)

1. Ainm an táirge

[mar a cláraíodh é]

2. Cineál an táisc gheografaigh[Cuir 'X' sa bhosca iomchuí] STFC TGFC **3. Grúpa iarrthach agus leas dlisteanach**

[Soláthair ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an ghrúpa iarrthaigh a bhfuil an leasú á mholadh aige. I gcás inar le duine nádúrtha a bhaineann an seoladh, an uimhir theileafóin agus an seoladh ríomhphoist, ní áireofar iad san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.

Soláthair ráiteas freisin ina leagtar amach leas dlisteanach an ghrúpa iarrthaigh.]

4. Ballstát lena mbaineann an limistéar geografach

...

5. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair a mbaineann an leasú nó na leasuithe leis

- Ainm an táirge
- Nasc
- Srianta margaióchta

6. Cineál an leasaithe nó na leasuithe

[Soláthair ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar 'leasú Aontais' dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012].

7. Leasú nó leasuithe

[Soláthair tuairisc ar gach leasú agus na cúiseanna atá leis mar a fhoráiltear in Airteagal 6a(1) de Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 664/2014 agus in Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014].

8. Iarscríbhinní

- 8.1. An doiciméad aonair comhdhlúite arna leasú, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014.
- 8.2. An tagairt leictreonach do leagan comhdhlúite na sonraíochta táirge arna fhoilsiú.
- 8.3. An dearbhú go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

IARSCRÍBHINN III

Formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint de thionscnamh Ballstáit a chur in iúl**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

(le húsáid idir an 8 Meitheamh 2022 agus an 7 Nollaig 2022 amháin)

1. Ainm an táirge

[mar a cláraíodh é]

2. Ballstát lena mbaineann an limistéar geografach

...

3. Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige

[Ní áireofar ainmneacha agus tagairtí a bhaineann le daoine nádúrtha san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

4. Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta

[Soláthair tuairisc ar an leasú caighdeánach nó na leasuithe caighdeánacha agus ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Léirigh cé acu atá leasú ar an doiciméad aonair ina thoradh ar an leasú nó nach bhfuil.]

5. Iarscríbhinní

5.1. An cinneadh lena bhformheastar an leasú caighdeánach.

5.2. An doiciméad aonair comhdhlúite, mar a leasaíodh é, i gcás inarb ábhartha.

5.3. An tagairt leictreonach d'fhoilsiú na sonraíochta táirge comhdhlúite, arna leasú.

5.4. . An dearbhú go gcomhlíonann an leasú caighdeánach formheasta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.

IARSCRÍBHINN IV

Formheas leasaithe shealadaigh ar shonraíocht táirge sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint de thionscnamh Ballstáit a chur in iúl**(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)**

(le húsáid idir an 8 Meitheamh 2022 agus an 7 Nollaig 2022 amháin)

1. Ainm an táirge

[mar a cláraíodh é]

2. Ballstát lena mbaineann an limistéar geografach

...

3. Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú sealadach á chur in iúl aige

[Ní áireofar ainmneacha agus tagairtí a bhaineann le daoine nádúrtha san fhoirm seo agus seolfar chuig an gCoimisiún iad ar leithligh.]

4. Tuairisc ar an leasú nó na leasuithe formheasta

[Soláthair tuairisc ar an leasú sealadach nó na leasuithe sealadacha agus na cúiseanna sonracha atá leis nó leo lena n-áirítear tagairt don aitheantas foirmiúil ar an tubaiste nádúrtha nó na dálaí drochaimsire ag na húdaráis inniúla nó d'fhorchur beart éigeantach sláintíochta agus fiteashláintíochta. Soláthair freisin ráiteas ina mínítear cén fáth a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar 'leasú sealadach' dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012].

5. Iarscríbhinní

- 5.1. An cinneadh ó na húdaráis inniúla lena n-aithnítear go foirmiúil an tubaiste nádúrtha nó lena bhforchuirtear bearta éigeantacha sláintíochta agus fiteashláintíochta nó na tagairtí leictreonacha foilseacháin faoi seach.
 - 5.2. An cinneadh lena bhformheastar an leasú sealadach nó an tagairt leictreonach foilseacháin.
 - 5.3. An dearbhú go gcomhlíonann an leasú sealadach formheasta ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus na bhforálacha arna nglacadh dá bhun.
-

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/893 ÓN gCOIMISIÚN
an 7 Meitheamh 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a mhéid a bhaineann le modhanna anailíse chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 34(6), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún ⁽²⁾ bunaítear modhanna tástála chun tacú le rialuithe oifigiúla chun forfheidhmiú a dhéanamh ar an toirmeasc ar úsáid próitéiní ainmhíocha próiseáilte i mbeatha i gcomhair bia-ainmhithe. Áirítear leis sin modhanna anailíse lena ndéantar comhábhair de bhunadh ainmhíoch a bhrath chun rialú oifigiúil a déanamh ar bheatha, ar modhanna iad ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an rialachán sin agus a dhéantar trí mhicreascópacht solais nó imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR).
- (2) Ceadáíodh úsáid a bhaint as próitéiní ainmhíocha próiseáilte atá díorthaithe ó fheithidí saothraithe i mbeatha i gcomhair ainmhithe do bharshaothraithe le Rialachán (AE) 2017/893 ⁽³⁾, agus i mbeatha i gcomhair muc-ainmhithe agus éanlaith chlóis le Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ach tá toirmeasc ar a húsáid i gcónaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ i mbeatha áirithe, go háirithe i mbeatha i gcomhair athchogantach.
- (3) Tá saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um próitéiní ainmhithe in ábhar beatha tar éis prótacal speisialta a fhorbairt agus a bhailíochtú, lena n-áirítear céim dríodrúcháin dhúbailte, lena n-áirítear go mbraitear cáithníní ó inveirteabraigh thalúnda, lena n-áirítear feithidí, más ann dóibh in ábhair bheatha, i mbeatha chumaisc agus i réamh-mheascáin a chuirtear faoi réir tástáil saotharlainne. Leis an gcéim bhreise sin, ba cheart an prótacal sin a úsáid faoi chuimsiú rialuithe oifigiúla chun fíorú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú ceart an toirmisc ar úsáid próitéiní ainmhíocha próiseáilte ó fheithidí i mbeatha áirithe i gcomhair bia-ainmhithe.

⁽¹⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2017/893 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Iarscríbhinní X, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le próitéiní ainmhíocha próiseáilte (IO L 138, 25.5.2017, lch. 92).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1372 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le toirmeasc ar ainmhithe neamh-athchogantacha feirmshaothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, a bheathú le próitéin a dhíorthaítear ó ainmhithe (IO L 295, 18.8.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, an tuairisc ar mhodh na micreascópachta solais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a choigeartú chun céim dríodrúcháin dhúbailte a chur ar áireamh sa phrótocal le haghaidh ullmhú samplaí atá le tástáil chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

“1. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

Déanfar cinntiúchán ar chomhábhair de bhunadh ainmhíoch i mbeatha trí mhicreascópacht solais nó trí imoibriú slabhrúil polaiméiráise (PCR) i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos san Iarscríbhinn seo.

Leis an dá mhodh sin, is féidir a bhrath an bhfuil comhábhair de bhunadh ainmhíoch ann i réamh-mheascáin, in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc. Ní féidir, áfach, méid na gcomhábhar sin i réamh-mheascáin, in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc a ríomh. Tá teorainn braite níos lú ná 0,1 % (w/w) ag an dá mhodh.

Leis an dá mhodh sin, is féidir an grúpa tacsanomaíoch comhábhar de bhunadh ainmhíoch ann i réamh-mheascáin, in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc a shainaithint.

Beidh feidhm ag na modhanna sin maidir le rialú ar chur i bhfeidhm na dtoirmeasc a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin agus in Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

Ag brath ar an gcineál beatha atá á tástáil, féadfar na modhanna sin a úsáid, laistigh d'aon phrótacal oibríochta amháin, leo féin nó féadfar iad a chomhcheangal le chéile i gcomhréir leis na buan-nósanna imeachta oibríochta ('SOPanna') arna mbunú ag saotharlann tagartha an Aontais le haghaidh próitéiní ainmhithe in ábhair bheatha (EURL-AP) agus arna bhfoilsíú ar a suíomh gréasáin (**).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil beartaithe le caitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

(***) <https://www.eurl.craw.eu/legal-sources-and-sops/method-of-reference-and-sops/>;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1:

“2.1. **Micreascópacht solais**

2.1.1. *Prionsabal*

Déantar na comhábhair de bhunadh ainmhíoch a d'fhéadfadh a bheith i láthair i réamh-mheascáin, in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc a sheoltar le haghaidh n-anailísithe a shainaithint ar bhonn tréithe tipiciúla agus micreascópacha inaitheanta ar nós snáithíní matáin agus cáithníní feola eile, loingeán, cnámha, adharc, gruaig, guairí, smionagair chúitineacha veirteabrach, struchtúir thraicéacha feithidí, táirgí fola, cruinníní bainne, criostail luchtóis, cleití, blaoscanna uibhe, cnámha agus lanna éisc.

Déanfar scrúduithe micreascópacha tar éis samplaí a ullmhú trí dhríodrú.

Cuirfear dríodrú i gcrích ar na samplaí mar a leanas:

- (a) chun comhábhair de bhunadh ainmhíoch seachas inveirteabraigh thalúnda a bhrath, céim aonair dhríodraithe Teitreaclóraeitéiléine (TCE) mar a mhionsonraítear i bpointe 2.1.3.4.3;
- (b) chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath, céim dríodraithe pheitriiliam/Teitreaclóraeitéiléine (PE/TCE) mar atá sonraithe i bpointe 2.1.3.4.4.

2.1.2. *Imoibreáin agus trealamh*

2.1.2.1. *Imoibreáin*

2.1.2.1.1. *Oibreán tiúchana*

- Teitreaclóraeitéilín (meáchan sonrach 1,62).
- Éitear peitriiliam (PE) fiuchphointe 40-60 °C (sainmheáchan 0,65).

2.1.2.1.2. Imoibrí ruaimniúcháin

- Tuaslagán Dearg Alasairín (cuir 2,5 ml aigéad hidreaclórach 1M in 100 ml uisce agus cuir 200 mg Dearg Alasairín leis an tuaslagán seo).

2.1.2.1.3. Meán scrúduithe sampla

- Buach (NaOH 2,5 % w/v nó KOH 2,5 % w/v).
- Gliocról (neamhchaolaithe, slaodacht: 1 490 cP) nó tuaslagán cothaitheach micreascóip ag a bhfuil airíonna coibhéiseacha le haghaidh ullmhúchán sleamhnáin neamhbhuain.
- Norland ® Optical Adhesive 65 (slaodacht: 1 200 cP) nó roisín ag a bhfuil airíonna coibhéiseacha le haghaidh ullmhúchán sleamhnáin buan.

2.1.2.1.4. Meán scrúduithe sampla ag a bhfuil airíonna ruaimniúcháin

- Tuaslagán lugóil (tuaslaig 2 g iaidíd photaisiam in uisce 100 ml agus cuir 1 g iaidín leis sin agus tú á chroitheadh san am céanna go minic).
- Imoibrí cístín (2 g aicéatáit luaidhe, 10 g uisce NaOH/100 ml).
- Imoibrí Fehling (sula n-úsáidfeá é, ullmhaigh é as codanna comhionanna (1/1) de thuaslagáin dá stoc A agus B: tuaslagán A (tuaslaig 6,9 g copar (II) peinteahiodráit sulfáite in uisce 100 ml); tuaslagán B (tuaslaig 34,6 g teitreabáit tartráit sóidiam photaisiam agus 12 g NaOH in 100 ml uisce).
- Teitreitilbeinsidín/Sárocsaíd hidrigine (tuaslaig 1 g 3,3',5,5' teitreitilbeinsidín (TMB) in 100 ml aigéad aicéiteach oighreach agus 150 ml uisce. Sula n-úsáidfeá é, measc 4 chuid den tuaslagán TMB seo le 1 chuid 3 % sárocsaíd hidrigine).

2.1.2.1.5. Oibreáin sruthlaithe


- Eatánól $\geq 96\%$ (grád teicniúil).
- Aicéatón (grád teicniúil).

2.1.2.1.6. Imoibrí tuartha

- Tuaslagán fochlóiríte sóidiam tráchtála (9-14 % clóirín ghníomhach).

2.1.2.2. Trealamh

- Meá anailíseach le cruinneas 0,001 g.
- Trealamh meilte: Muileann scian nó rôtair. Má úsáidtear muileann rôtair, beidh toirmeasc ar chriathair mhuilinn $\leq 0,5$ mm.
- Criathar ag a bhfuil mogaill chearnógacha de leithead 0,25 mm agus 1 mm. Ach amháin i gcás criathrú sampla roimh ré, ní bheidh trastomhas na griathar níos mó ná 10 cm chun cailliúint ábhar a sheachaint. Ní gá criathar a chalabhrú.
- Tonnadóir deighilte gloine cónúil ag a bhfuil cion 250 ml le teflón nó le buaire gloine meilte ag bun an chóin. ≥ 4 mm a bheidh i dtrastomhas oscailte buaire. Mar mhalairt air sin, i gcás dríodrú TCE aonair amháin, féadfar eascra eascra síothlaithe cóntónach a úsáid ar choinníoll gur léirigh an tsaotharlann go bhfuil na leibhéil bhraite coibhéiseach leis an leibhéal braite a fhaightear trí úsáid a bhaint as tonnadóir deighilte na gloine cónúil.



Tonnadóir deighilte

- micreascóp steiréascópach lena gcumhdaítear raon formhéadaithe deiridh idir 6,5x agus 40x.
- Micreascóp comhshuite lena gcumhdaítear raon formhéadaithe ó 100x go 400x deiridh ar a laghad agus ag a bhfuil raon geal solais tarchurtha. Féadfar codarsnacht thrasnach dhifreálach solais pholaraithe a úsáid chomh maith.
- Gnáthearraí gloine saotharlainne.
- Trealamh le haghaidh ullmhúchán sleamhnán: Sleamhnáin micreascóp chaighdeánacha, sleamhnáin chuasacha, clúidghloiní (20x20 mm), pionsúiríní, spadail mhíne.
- Oigheann saotharlainne.
- Lártheifneoir.
- Scagpháipéar: Scagpháipéar ceallalóis cáilíochtúil (méid póire 4-11 µm).

2.1.3. Sampláil agus ullmhúchán samplaí

2.1.3.1. Sampláil

Bainfear úsáid as sampla ionadaíoch, arna thógáil i gcomhréir le hlarscríbhinn I.

2.1.3.1.1. Triomú samplaí

Déanfar samplaí ag a bhfuil cion taise > 14 % acu a thriomú sula láimhsítear iad i gcomhréir le hlarscríbhinn III.

2.1.3.1.2. Samplaí a chriathrú roimh ré

D'fhonn faisnéis a bhailiú maidir le héiliú comhshaoil na beatha a d'fhéadfadh a bheith ann, moltar beathaí agus eithní piliúrtha 1 mm a chriathrú roimh ré agus ina dhiaidh sin an dá chodán a thagann as sin a ullmhú, a anailísiú agus a thuairisciú ar leithligh, agus ní mór iad sin a mheas mar shamplaí ar leith.

2.1.3.2. Réamhchúraimí atá le glacadh

Chun traséilliú saotharlainne a sheachaint, déanfar gach trealamh in-athúsáidte a ghlanadh go cúramach sula n-úsáidfead é. Déanfar píosaí tonnadóirí deighilte a bhaint as a chéile sula nglanfar iad. Déanfar píosaí tonnadóirí deighilte agus earraí gloine a ní de láimh roimh ré agus ansin a ní i meaisín níocháin. Glanfar criathair trí scuab le ribí sintéiseacha righne a úsáid. Moltar criathair a ghlanadh ar deireadh le haicéatón agus moltar aer combhhrúite a úsáid tar éis ábhar saileach cosúil le min éisc a chriathrú.

2.1.3.3. Samplaí a ullmhú arb é atá iontu saill nó ola

Leanfar an prótacal seo a leanas chun samplaí a ullmhú ina mbeidh saill:

- Má tá an tsail soladach, téifead in oigheann í go dtí gur leacht í.
- Trí phípéad a úsáid, aistrefar 40 ml saill ó bhun an tsampla go dtí feadán lártheifniúcháin.
- Déanfar an sampla a lártheifniú i rith 10 nóiméad ar 4 000 r.p.m.
- Má tá an tsail soladach fós tar éis a lártheifnithe, téifead in oigheann í go dtí gur leacht í.
- Déanfar an lártheifneoiríú athuair i rith 5 nóiméad ag 4 000 r.p.m.
- Trí spúnóg bheag nó spadal a úsáid, aistrefar leath na n-eisíontas sinceáilte go sleamhnáin micreascóp chun scrúdú a dhéanamh orthu. Moltar gliocról mar thuaslagán cothaitheach micreascóip.
- Úsáidfead an chuid eile de na heisíontais atá fágtha chun an dríodar a ullmhú mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.3, an chéad fhleasc.

Cuirfead an prótacal céanna, seachas an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc, i bhfeidhm chun samplaí ina bhfuil ola a ullmhú.

2.1.3.4. Samplaí a ullmhú seachas na samplaí sin arb é atá iontu saill nó ola

2.1.3.4.1. Foshampláil agus meilt: déanfar 50 g ar a laghad den sampla a fhoshampláil le haghaidh anailíse agus ina dhiaidh sin meilfead é.

2.1.3.4.2. Ullmhú amhábhair: ullmhófar cuid 5 g ar a laghad den fhoshampla meilte. Déanfar é a chriathrú ag 0,25 mm agus scrúdófar an dá chodán a thiochfaidh dá bharr.

2.1.3.4.3. Dríodar TCE aonair chun comhábhair de bhunadh ainmhíoch seachas d'inveirteabraigh thalúnda a bhrath.

— Eastóscadh agus ullmhú an dríodair:

Déanfar cuid 10 g (cruinneas go 0,01 g) den fhoshampla talúnda a aistriú go dtí an tonnadóir deighilte nó go dtí eascra síothlaithe cóntónach agus cuirfear 50 ml TCE leis. Beidh an chuid a aistrefar isteach sa tonnadóir teoranta do 3 g i gcás min éisc nó táirgí ainmhíocha íona eile, comhábhair mianraí nó réamh-mheascáin a ghineann níos mó ná 10 % dríodar. Déanfar an meascán a chroitheadh le teann nirt ar feadh 30 s agus cuirfear 50 ml TCE ar a laghad go cúramach leis agus é á ní laistigh de dhromchla an tonnadóir chun aon cháithnín greamaitheach a bhaint de. Fágfar an meascán a eascraíonn as sin ar feadh 5 nóiméad ar a laghad sula ndéanfar an dríodar a dheighilt tríd an mbuacaire a oscailt.

Má úsáidtear eascra síothlaithe tónchónach, corrófar an meascán le teann nirt ar feadh 15 s ar a laghad agus déanfar aon cháithnín a ghreamaíonn de thaobh an eascra a ní go cúramach síos an dromchla laistigh le 10 ml TCE glan ar a laghad. Fágfar an meascán ansin ar feadh 3 nóiméad agus ansin corrófar arís é ar feadh 15 s agus ní mór aon cháithnín a ghreamaíonn de thaobh an eascra a ní go cúramach síos an dromchla laistigh le 10 ml TCE glan ar a laghad. Fágfar an meascán ansin ar feadh 5 nóiméad ar a laghad agus leis sin déanfar an codán leachtach a bhaint agus a dhiúscairt trí scinceáil chúramach, agus aire á tabhairt nach gcaillfear aon chuid den dríodar.

Baileofar an dríodar ar scagháipéar a chuirfear isteach i dtonnadóir ionas gur féidir an TCE atá fágtha a dheighilt agus san am céanna deascadh saille a rachaidh isteach sa dríodar a sheachaint. Déanfar an dríodar a thriomú. Moltar an dríodar a mheá ina dhiaidh sin (cruinneas go 0,001 g) chun rialú a dhéanamh ar an gcéim dhríodraithe. Ar deireadh, déanfar an dríodar a chriathrú ag 0,25 mm agus scrúdófar an dá chodán a thiochfaidh dá bharr, mura measfar gur gá an criathrú a dhéanamh.

— Eastóscadh agus ullmhúchán an tsnámhábhair:

Tar éis aisghabháil an dríodair leis an modh a thuairiscítear thuas, beidh dhá phas fós ann sa tonnadóir deighilte: ceann leachta arb é atá ann TCE agus ceann soladach atá comhdhéanta de shnámhábhair. Is é an pas sholadach seo an snámhabhair agus aisghabhfar é trí TCE a dhoirteadh as an tonnadóir go hiomlán tríd an mbuacaire a oscailt. Tríd an tonnadóir deighilte a inbhéartú, aistrefar an snámhabhair go mias mór Petri agus déanfar é a aerthriomú i gcochall eastarraingthe. Déanfar é a chriathrú ag 0,25 mm agus scrúdófar an dá chodán a thiochfaidh dá bharr.

— Imoibrithe ruaimniúcháin a úsáid:

Chun gur fusa comhábhair de bhunadh ainmhíoch a shainaithint i gceart, féadfaidh an t-oibreoir imoibrithe ruaimniúcháin a úsáid le linn ullmhúchán an tsampla i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag EURL-AP agus arna bhfoilsíú ar a shuíomh gréasáin.

I gcás ina n-úsáidtear tuaslagán Dearg Alasairín chun an dríodar a dhathú, beidh feidhm ag an bprótacal seo a leanas:

— Aistrefar an dríodar triomaithe isteach i bhfeadán tástála gloine agus déanfar é a shruthlú faoi dhó le tuairim is 5 ml eatánól (gach uair úsáidfear cuilthe 30 s, ligfear don tuaslagóir socrú tuairim is 1 nóiméad 30 s agus déanfar é a dhoirteadh as).

— Déanfar an dríodar a thuaradh trí thuaslagán fochlóiríte sóidiam 1 ml ar a laghad a chur leis. Beidh an t-imoibriú ar siúl ar feadh 10 nóiméad. Líonfar an feadán le huisce, ligfear don dríodar socrú 2-3 nóiméad, agus déanfar an t-uisce agus na cáithníní ar fuaidreamh a dhoirteadh as go réidh.

— Déanfar an dríodar a shruthlú faoi dhó arís le tuairim 10 ml uisce (úsáidfear cuilthe ar feadh 30 s, ligfear dó socrú, agus déanfar an t-uisce a dhoirteadh as gach uair).

— Cuirfear 2 go 10 mbraon den tuaslagán Dearg Alasairín leis agus déanfar an meascán a chuiilíú. Ligfear don imoibriú dul ar aghaidh ar feadh 30 s agus déanfar an dríodar daite a shruthlú faoi dhó le tuairim 5 ml eatánól agus ina dhiaidh sin déanfar é a shruthlú uair amháin le haicéatón (gach uair úsáidfear cuilthe 30 s, ligfear don tuaslagóir socrú amach is isteach go ceann 1 nóiméad agus déanfar é a dhoirteadh as).

— Déanfar an dríodar daite a thriomú.

2.1.3.4.4. Dríodrú PE/TCE dúbailte chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath.

Bainfear amach gach céim i dtonnadóir deighilte gloine cónúil 250 ml mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.2.2, an ceathrú fleasc.

- Aistrefar cuid 10 g (cruinneas go 0,01 g) den fhoshampla talún isteach sa tonnadóir deighilte agus déanfar dríodrú TCE aonair air sin ar dtús mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.3.3 lena n-áirítear aisghabháil an dríodair ar scagpháipéar a chuirtear ar thonnadóir. Féadfar an dríodar seo a úsáid mar a úsáidtear an dríodar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.3.
- Déanfar an méid beag TCE a dhraenáiltear in éineacht leis an dríodar a aistriú isteach i sorcóir grádaithe. Trí bhuaicire an tonnadóir deighilte a oscailt ní mór an sorcóir grádaithe a líonadh go dtí go bhfaighfear 30 ml TCE. A luaithe a bheidh an méid sin bainte amach, dúnfar an buaicire.
- Déanfar an toilleadh bailithe seo TCE a ionadú trí thoilleadh 30 ml éitear peitriiliam ag fiuchphointe 40-60 °C a chur sa tonnadóir deighilte. Déanfar inneachar an tonnadóir deighilte a mheascadh go críochnúil chun meascán 30 % PE/70 % TCE a fháil (ag a bhfuil dlús tuairim is 1,26 g.cm⁻³). Lig don ábhar socrú ar feadh 10 nóiméad. Leithscarfar dhá chodán nua: An dara dríodar agus snámhábhar deiridh (< 1,26 g.cm⁻³). Déanfar an dara dríodar a aisghabháil i mias petri (nó ar scagpháipéar a bheidh curtha ar thonnadóir) tríd an mbuaicire a oscailt go dtí nach mbeidh ach meascán beagán tuaslagóirí ann agus go bhfanfaidh an snámhábhar deiridh sa tonnadóir deighilte. Baileofar an leacht atá fágtha agus an snámhábhar deiridh ar leithligh ar scagpháipéar a bheidh curtha ar thonnadóir. Déanfar balla an tonnadóir deighilte a shruthlú le beagán PE chun an t-ábhar go léir a bhailiú ón snámhábhar deiridh. Ligfear don snámhábhar deiridh a thriomú. Ar deireadh, déanfar an snámhábhar deiridh a chriathrú ag 0,25 mm agus scrúdófar an dá chodán a thiocfaidh dá bharr chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath, mura measfar gur gá an criathrú a dhéanamh.

2.1.4. Scrúdú micreascópach

2.1.4.1. Ullmhúchán sleamhnán

Ullmhófar sleamhnáin micreascóp leis an dríodar agus, ag brath ar rogha an oibreora, leis an snámhábhar nó leis an amhábhar. Nuair is iomchuí, chun comhábhair inveirteabrach talúnda amháin a bhrath, ullmhófar sleamhnáin freisin leis an snámhábhar deiridh a fhaightear mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.4. Déanfar an dá chodán a thiocfaidh dá bharr (an ceann mín agus an ceann garbh) a ullmhú. Beidh codanna tástála de chodáin a bheidh leata ar shleamhnáin ionadaitheach don chodán iomlán.

Ullmhófar dóthain sleamhnán chun a áirithiú gur féidir prótacal iomlán scrúdaithe mar a leagtar síos i bpointe 2.1.4.2 a chur i gcrích.

Cuirfear an tuaslagán cothaitheach micreascóip leordhóthanach r na sleamhnáin micreascóp i gcomhréir le SOP arna bhunú leis an EURL-AP agus arna bhfoilsíú ar a shuíomh gréasáin. Cuirfear na sleamhnáin i gclúidghloiní.

2.1.4.2. Sreabhchairt breathnóireachta chun cáithníní ainmhithe a bhrath i mbeatha chumaisc, in ábhar beatha agus i réamh-mheascáin.

Déanfar na sleamhnáin micreascóp ullmhaithe a bhreathnú i gcomhréir leis na sreabhchairteanna breathnóireachta i Léaráidí 1 agus 2.

Déanfar na breathnóireachtaí micreascóp trí úsáid a bhaint as an micreascóp comhshuite chun an dríodar a scrúdú agus, ag brath ar rogha an oibreora, bíodh an snámhábhar nó an t-amhábhar á scrúdú. De bhreis air sin, chun comhábhair inveirteabrach talúnda amháin a bhrath, déanfar breathnóireachtaí ar an snámhábhar deiridh a fhaightear mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.4. Féadfar an micreascóp steiréascópach a úsáid chomh maith leis an micreascóp comhshuite le haghaidh na gcodán garbh. Déanfar gach sleamhnán a scagadh go hiomlán i bhformhéaduithe éagsúla. Tugtar mionsonraí in SOP faoi na mínithe beachta i dtaca leis an tsreabhchairt a úsáid, SOP arna bhunú ag an EURL-AP agus arna bhfoilsíú ar a shuíomh gréasáin.


Urramófar go docht an líon íosta sleamhnán a bhreathnófar ag gach céim de na sreabhchairteanna breathnóireachta ach amháin sa chás nach féidir leis an ábhar codánach iomlán an líon sleamhnán a leagtar síos a bhaint amach, mar shampla nuair nach bhfaighfear aon dríodar. Ní úsáidfear níos mó ná 6 shleamhnán in aghaidh an chinntiúcháin chun líon na gcáithníní a thairfeadh.

Nuair a ullmhófar sleamhnáin bhreise trí úsáid a bhaint as tuaslagán cothaitheach micreascóip níos sonraí ag a bhfuil airíonna ruaimniúcháin, mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.2.1.4, ar an snámhabhar nó ar an amhábhhar chun struchtúir a thréithriú a thuilleadh (e.g. cleití, ribí, matáin nó cáithníní fola), a braitheadh ar shleamhnáin arna n-ullmhú ag tuaslagáin cothaitheach micreascóip eile, mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.2.1.3, déanfar líon na gcáithníní a áireamh bunaithe ar líon sleamhnán in aghaidh an chinntiúcháin nach mó ná 6 cinn, lena n-áirítear na sleamhnáin bhreise ag a bhfuil tuaslagán cothaitheach micreascóip níos sonraí. Ní mheasfar na sleamhnáin bhreise a ullmhófar ón snámhabhar deiridh a fhaightear chun comhábhair inveirteabrach talúnda a bhrath, mar a thuairiscítear i bpointe 2.1.3.4.4, d'fhonn cineálacha eile a shainaithint (veirteabraigh talúnda agus éisc).

Chun go n-éascófar cineál agus bunadh na gcáithníní a shainaithint, féadfaidh an t-oibreoir uirlisí tacaíochta a úsáid amhail córais tacaíochta cinntí, leabharlanna íomhánna agus samplaí tagartha.

Léaráid 1


Sreabhchart breathnóireachta tar éis dríodrú TCE aonair chun cáithníní ainmhithe a bhrath seachas ó inveirteabraigh thalúnda i mbeatha chumaisc, in ábhair bheatha agus i réamh-mheascáin le haghaidh an chéad chinntiúcháin



(Tagraíonn "D1" agus "D2" don chéad chinntiúchán agus don dara ceann; ^(a): veirteabraigh thalúnda, éisc)

Léaráid 2


Sreabhchart breathnóireachta tar éis dríodrú TCE aonair chun cáithníní ainmhithe a bhrath seachas ó inveirteabraigh thalúnda i mbeatha chumaisc, in ábhair bheatha agus i réamh-mheascáin le haghaidh an dara cinntiúchán



(Tagraíonn "D1" agus "D2" don chéad chinntiúchán agus don dara ceann; (a): veirteabraigh thalúnda, éisc)

Léaráid 3

Sreabhchairt breathnóireachta tar éis dríodró PE/TCE dúbailte chun comhábhair inveirteabrach thalúnda a bhrath i mbeatha chumaisc, in ábhair bheatha agus i réamh-mheascáin



(Tagraíonn "D1" agus "D2" don chéad chinntiúchán agus don dara cinntiúchán)

2.1.4.3. An líon cinntiúchán

Déanfar cinntiúcháin ar fhoshamplaí éagsúla ag 50 g in aghaidh gach foshampla.

Más rud é, tar éis an chéad chinntiúcháin a dhéanfar i gcomhréir leis an tsreabhchairt breathnóireachta i Léaráid 1, nó Léaráid 3, nuair is iomchuí, nach mbraithfear aon cháithnín ainmhithe, ní gá aon chinntiúchán breise agus tuairisceofar toradh na hanailíse trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.1.

Má bhraitear aon cháithnín ainmhithe amháin nó níos mó de chineál ar leith (i.e. veirteabraigh thalúnda nó éisc) tar éis an chéad chinntiúcháin a dhéanamh i gcomhréir leis an tsreabhchairt breathnóireachta i Léaráid 1, agus go ndeimhníonn cineál na gcáithníní a bhraithfear cion dearbhaithe an tsampla, ní gá an dara cinntiúchán. Más airde líon na gcáithníní ainmhithe de chineál ar leith a bhraithfear le linn an chéad chinntiúcháin níos airde ná 5 cháithnín, tuairisceofar toradh na hanailíse de réir chineál an ainmhithe agus úsáid á baint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.3. Mura ndéantar sin, tuairisceofar toradh na hanailíse de réir chineál an ainmhithe agus úsáid á baint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.2.

Más rud é, tar éis an chéad chinntiúcháin a dhéanfar i gcomhréir leis an tsreabhchairt breathnóireachta i Léaráid 3, go mbraithfear níos mó ná 5 cháithnín ó inveirteabraigh thalúnda, ní gá an dara cinntiúchán breise agus tuairisceofar toradh na hanailíse trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.3. i dtaca leis an gcineál ainmhithe seo.

I ngach cás eile, lena n-áirítear aon uaire nár cuireadh dearbhú inneachair ar fáil don tsaotharlann, déanfar an dara cinntiúchán ó fhoshampla nua. Más rud é, tar éis an chéad chinntiúcháin a dhéanfar i gcomhréir leis an tsreabhchairt breathnóireachta i Léaráid 2, nó Léaráid 3, nuair is iomchuí, gur airde ná 10 gcáithnín suim na gcáithníní ó ainmhithe de chineál ar leith a bhraithfear le linn an dá chinntiúcháin, tuairisceofar toradh na hanailíse agus úsáid á baint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.3. Mura ndéantar sin, tuairisceofar toradh na hanailíse de réir chineál an ainmhithe agus úsáid á baint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe 2.1.5.2.

2.1.5. *Léiriú a dhéanamh ar na torthaí*

Agus na torthaí á dtuairisciú, tabharfaidh an tsaotharlann le fios cén cineál ábhair a ndearnadh an anailís air (dríodar, snámhabhar, snámhabhar deiridh nó amhábhhar). Léireofar go soiléir sa tuairisciú cé mhéad cinntiúchán a rinneadh agus más rud é nach ndearnadh criathrú ar na codáin roimh ullmhú sleamhnáin, i gcomhréir le pointe 2.1.3.4.3, an chéad fhleasc, an tríú mír, nó pointe 2.1.3.4.4, an tríú fleasc.

Beidh sa tuarascáil saotharlainne ar a laghad faisnéis faoi chomhábhair atá ann agus atá díorthaithe ó veirteabraigh thalúnda agus ó éisc.

Déanfar na cásanna éagsúla a thuairisciú ar na bealaí seo a leanas.

2.1.5.1. Ní bhraitear aon cháithnín ainmhí de chineál ar leith:

- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh aon cháithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda sa sampla a cuireadh isteach.”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh aon cháithnín a dhíorthaítear ó éisc sa sampla a cuireadh isteach.”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh aon cháithnín a dhíorthaítear ó inveirteabraigh thalúnda sa sampla a cuireadh isteach.”

2.1.5.2. Déantar idir 1 agus 5 cháithnín ainmhí de chineál ar leith a bhrath nuair nach ndéantar ach cinntiúchán amháin, nó idir 1 agus 10 gcáithnín de chineál ar leith i gcás dhá chinntiúchán (tá líon na gcáithníní a bhraitear faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú in SOP ag EURL-AP agus arna foilsíú ar a shuíomh gréasáin):

Sa chás sin nach ndéanfar ach cinntiúchán amháin:

- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 5 cháithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda sa sampla a cuireadh isteach. Sainithníodh na cáithníní mar... [cnámha, loingeán, matáin, gruaig, adharc, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)]. Tá an sampla íseal sin a bhí ann faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú don mhodh micreascópach seo.”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 5 cháithnín a dhíorthaítear ó éisc sa sampla a cuireadh isteach. Sainithníodh na cáithníní mar... [cnámha éisc, lanna éisc, loingeán, matáin, otailítí, geolbhaigh, eile (sonraigh de réir mar is cuí)]. Tá an sampla íseal sin a bhí ann faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú don mhodh micreascópach seo.”

Sa chás sin go ndéanfar dhá chinntiúchán:

- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sainithníodh na cáithníní mar... [cnámha, loingeán, matáin, gruaig, adharc, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)]. Tá an sampla íseal sin a bhí ann faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú don mhodh micreascópach seo.”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó éisc le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sáithíodh na cáithníní mar... [cnámha éisc, lanna éisc, loingeán, matáin, otailítí, geolbhaigh, eile (sonraigh de réir mar is cuí)]. Tá an sampla íseal sin a bhí ann faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú don mhodh micreascópach seo.”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó inveirteabraigh thalúnda le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sainithníodh na cáithníní mar... [smionagair chúitineacha, baill an bhéil, matáin, struchtúir thraicéacha, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)]. Tá an sampla íseal sin a bhí ann faoi bhun theorainn an chinnidh arna bunú don mhodh micreascópach seo.”

De bhreis air sin:

- I gcás criathrú sampla roimh ré, sonrú sa tuarascáil saotharlainne an codán (codán criathraithe, codán millíní nó eithní) inar braitheadh cáithníní na n-ainmhithe a mhéid nach bhféadfaí cáithníní ainmhithe a bhrath ach amháin sa chodán criathraithe mar chomhartha éillithe comhshaoil.

- Sa chás nach mbraitear ach cáithníní ainmhithe nach féidir a chatagóiriú mar veirteabraigh thalúnda nó éisc (e.g. snáithíní matáin), sonrúfar sa tuarascáil nár braitheadh ach cáithníní ainmhithe den sórt sin agus nach féidir a chur as an áireamh gur de bhunadh veirteabrach talúnda iad.

2.1.5.3. Braitear níos mó ná 5 cháithnín ainmhí de chineál áirithe nuair nach ndéantar ach cinntiúchán amháin, nó braitear níos mó ná 10 gcáithnín ainmhí de chineál ar leith i gcás dhá chinntiúchán:

Sa chás nach ndéanfar ach cinntiúchán amháin:

- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, braitheadh níos mó ná 5 cháithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [cnámha, loingeán, matáin, gruaig, adharc, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)].”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, braitheadh níos mó ná 5 cháithnín a dhíorthaítear ó éisc sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [cnámha éisc, lanna éisc, loingeán, matáin, otailítí, geolbhaigh, eile (sonraigh de réir mar is cuí)].”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, braitheadh níos mó ná 5 cháithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [smionagair chúitineacha, baill an bhéil, matáin, struchtúir thraicéacha, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)].”

Sa chás sin go ndéanfar dhá chinntiúchán:

- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, níor braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó veirteabraigh thalúnda le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [cnámha, loingeán, matáin, gruaig, adharc, eile (sonraigh de réir mar is cuí le do thoil)].”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó éisc le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [cnámha éisc, lanna éisc, loingeán, matáin, otailítí, geolbhaigh, eile (sonraigh de réir mar is cuí)].”
- “Chomh fada agus a bhí sé inaitheanta agus úsáid á baint as micreascóp solais, braitheadh níos mó ná 10 gcáithnín a dhíorthaítear ó inveirteabraigh thalúnda le linn an dá chinntiúchán sa sampla a cuireadh isteach. Sainaitníodh na cáithníní mar... [smionagair chúitineacha, baill an bhéil, matáin, struchtúir thraicéacha, eile (sonraigh le do thoil de réir mar is cuí)].”

De bhreis air sin:

- I gcás criathrú sampla roimh ré, sonrúfar sa tuarascáil saotharlainne an codán (codán criathraithe, codán millíní nó eithní) inar braitheadh cáithníní na n-ainmhithe a mhéid nach bhféadfaí cáithníní ainmhithe a bhrath ach amháin sa chodán criathraithe mar chomhartha éillithe comhshaoil.
 - Sa chás nach mbraitear ach cáithníní ainmhithe nach féidir a chatagóiriú mar veirteabraigh thalúnda nó éisc (e.g. snáithíní matáin), sonrúfar sa tuarascáil nár braitheadh ach cáithníní ainmhithe den sórt sin agus nach féidir a chur as an áireamh gur de bhunadh veirteabrach talúnda iad.”
-

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/894 ÓN gCOIMISIÚN
an 7 Meitheamh 2022

lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(3) agus 14(5) de,

Tar éis dóibh na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

A. IARRAIDH

- (1) Fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh de bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 (“an bun-Rialachán”), chun imscrúdú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus chun na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe.
- (2) Chuir Coiste Cosanta thionscal na bhfeisteas cruach dosmálta buntáthaithe san Aontas Eorpach (“an t-iarratasóir”) an iarraidh isteach an 25 Aibreán 2022.

B. TÁIRGE

- (3) Is éard atá i gceist leis an táirge a mbaineann an t-imchéimniú féideartha leis, feistis feadáin agus píobáin bhuntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainítí, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bíodh siad críochnaithe nó ná bíodh, a aicmítear ar dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ⁽²⁾ ón gCoimisiún faoi Chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90 (cóid TARIC 7307 23 10 15, 7307 23 10 25, 7307 23 90 15, 7307 23 90 25) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (“an tSín”) iad (“an táirge lena mbaineann”). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ina leith.
- (4) Is ionann an táirge faoi imscrúdú agus an táirge a shainmhínítear san aithris roimhe seo, ach é a bheith curtha chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia é nó ná bíodh, táirge atá faoi láthair faoi na cóid AC chéanna agus atá an táirge lena mbaineann (cóid TARIC 7307 23 10 35, 7307 23 10 40, 7307 23 90 35, 7307 23 90 40) (“an táirge faoi imscrúdú”).

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinnititheacha ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídis críochnaithe nó ná bídis, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 22, 27.1.2017, lch. 14).

C. NA BEARTA ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

- (5) Is iad na bearta atá i bhfeidhm agus a d'fhéadfadh a bheith á n-imchéimniú faoi láthair, bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ("na bearta atá ann cheana"). An 26 Eanáir 2022, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga ar na bearta atá ann faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán trí fhógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ^(³).

D. FORAIS

- (6) Is leor an fhianaise atá san iarraidh lena léiriú go bhfuil na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair ar allmhairí an táirge lena mbaineann á n-imchéimniú mar gheall ar allmhairí an táirge faoi imscrúdú.
- (7) Léiríonn an fhianaise san iarraidh gur tháinig athrú ar phatrún thrádála na n-allmhairí ón tSín agus ón Malaeisia chuig an Aontas tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann. Léirigh na sonraí allmhairiúcháin san iarraidh gur tháinig athrú suntasach ar phatrún trádála na n-allmhairí ón tSín agus ón Malaeisia chuig an Aontas tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann. Tháinig laghdú ar onnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Aontas agus, san am céanna, tháinig méadú ar onnmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Malaeisia, agus tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón Malaeisia chuig an Aontas ó forchuireadh na mbeart an 26 Eanáir 2017. Is cosúil gur tharla an t-athrú sin gan cúis chuí nó gan údar eacnamaíoch leordhóthanach seachas forchur na mbeart. Go deimhin, de réir na fianaise a sholáthair an t-iarratasóir, is cosúil gurbh é ba chúis leis an athrú, trasloingsiú an táirge lena mbaineann ón tSín chuig an Aontas tríd an Malaeisia. Thairis sin, mhaígh an t-iarratasóir nach bhfuil ach dhá tháirgeoir sa Mhalaeisia i mbun fhíortháirgeadh an táirge lena mbaineann agus bhí leibhéal a n-onnmhairí trí chéile chuig an Aontas i bhfad ní b'ísle ar bhonn comhsheasmhach ná méideanna an táirge faoi imscrúdú a allmhairíodh ón Malaeisia chuig an Aontas ó forchuireadh na bearta ar an táirge lena mbaineann. Chuir an t-iarratasóir fianaise isteach a léiríonn amhras gurb ann do shaoráidí táirgthe de chuid cuideachtaí faoi úinéireacht Shíneach sa Mhalaeisia. Sa bhreis air sin, sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil sé beartaithe go hoscailte ag táirgeoirí na Síne áit thionscnaimh an táirge lena mbaineann a athrú ón tSín go dtí an Mhalaeisia.
- (8) Ina theannta sin, léiríonn an fhianaise, mar gheall ar an gcleachtas thuasluaite, go bhfuil an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá ann cheana ar an táirge lena mbaineann ó thaobh cainníochta agus praghsanna de. Is cosúil gur tháinig méideanna suntasacha d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach i margadh an Aontais Eorpaigh. Sa bhreis air sin, is leor an fhianaise atá ann lena léiriú go ndéantar an táirge faoi imscrúdú a allmhairiú ar phraghsanna atá faoi bhun an phraghais neamh-dhíobhálaigh a suíodh san imscrúdú ba chúis leis na bearta atá faoi ann faoi láthair.
- (9) Ar deireadh, léiríonn an fhianaise gur praghsanna dumpáilte iad praghsanna an táirge faoi imscrúdú i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh roimhe seo don táirge lena mbaineann.
- (10) Le linn an imscrúdaithe, má aithnítear cleachtais imchéimniúcháin a chumhdaítear le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán, seachas na cinn thuasluaite, féadfaidh an t-imscrúdú na cleachtais sin a chumhdach freisin.

E. NÓS IMEACHTA

- (11) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur leor an fhianaise atá ann chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán agus chun allmhairí an táirge faoi imscrúdú a chur faoi réir a gcláraithe, i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.
- (12) Chun an fhaisnéis is gá a fháil don imscrúdú sin, ba cheart do gach páirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach, ach tráth nach déanaí ná an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán seo. Tá feidhm ag an teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Rialachán seo maidir leis na páirtithe leasmhara uile. Féadfar faisnéis a lorg freisin ar thionscal an Aontais de réir mar is iomchuí.
- (13) Cuirfear údarais na Malaeisia agus na Síne ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe.

⁽³⁾ IO C 40, 26.1.2022, lch. 1.

(a) Faisnéis a bhailiú agus éisteachtaí a thionól

- (14) Iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus aon chomhlachas ábhartha a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil ar choinníoll go ndéanfar na haighneachtaí sin faoin sprioc-am dá bhforáiltear in Airteagal 3(2). Thairis sin, féadfaidh an Coimisiún éisteacht le páirtithe leasmhara, ar choinníoll go ndéanfaidh siad iarraidh i scríbhinn agus go gcuirfidh siad in iúl go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht a thabhairt dóibh.

(b) Iarrataí ar dhíolúintí

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán, féadfar allmhairí an táirge faoi imscrúdú a dhíolmhú ó bhearta mura bhfuil imchéimniú i gceist leis an allmhairiú.
- (16) Ós rud é gur lasmuigh den Aontas a tharlaíonn an t-imchéimniú féideartha, féadfar díolúintí a dheonú, i gcomhréir le hAirteagal 13(4) den bhun-Rialachán, do tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Mhalaeisia más féidir leo a léiriú nach bhfuil siad páirteach sna cleachtais imchéimniúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán. Táirgeoirí ar mian leo díolúine a fháil, más ann dá leithéid, ba cheart dóibh teacht chun cinn laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo. Cóipeanna den cheistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín, den fhoirm éilimh ar dhíolúine le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Mhalaeisia agus de na ceistneoirí le haghaidh allmhaireoirí san Aontas, tá siad ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2606>. Ní mór na ceistneoirí a chur isteach laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán seo.

F. CLÁRÚ

- (17) De bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, má léiríonn toradh an imscrúdaithe go raibh imchéimniú á dhéanamh, cuirfear allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe d'fhonn a áirithiú gur féidir dleachtanna frithdhumpála de mhéid iomchuí a ghearradh, méid nach mó ná an dleacht iarmharach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141, ón dáta a forchuireadh clárú na n-allmhairí sin.

G. TEORAINNEACHA AMA

- (18) Ar mhaithe le dea-riarachán, ba cheart teorainneacha ama a shonrú:
- ar féidir leis na páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl don Choimisiún lena linn, mar aon le ceistneoirí a chur isteach, a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn nó aon fhaisnéis eile a bheidh le cur san áireamh le linn an imscrúdaithe,
 - ar féidir le táirgeoirí sa Mhalaeisia díolúintí ó chlárú na n-allmhairí nó ó na bearta a iarraidh lena linn,
 - ar féidir le páirtithe leasmhara iarraidh i scríbhinn a dhéanamh lena linn maidir le héisteacht a fháil ón gCoimisiún.
- (19) Tugtar chun suntais go bhfuil feidhmiú na gceart nós imeachta a leagtar amach sa bhun-Rialachán ag brath ar pháirtithe iad féin a chur in iúl laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo.

H. NEAMH-CHOMHOIBRÍÚ

- (20) Má dhiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí dearfacha nó diúltacha a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (21) I gcás inar léir gur chuir páirtí leasmhar faisnéis ar fáil a bhí bréagach nó míthreorach, déanfar neamhaird den fhaisnéis sin agus úsáidfeair na fíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (22) Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, más ar na fíoras atá ar fáil a bhunófar na torthaí i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh sé tar éis comhoibriú.

I. SCEIDEAL AN IMSCRÚDAITHE

- (23) Tabharfar an t-imscrúdú i gcrích, de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, laistigh de 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

J. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

- (24) Tugtar faoi deara gur i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chaithfear le sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo ⁽⁴⁾.
- (25) Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/>.

K. AN tOIFIGEACH ÉISTEACHTA

- (26) Féadfaidh na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.
- (27) Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí/na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.
- (28) Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I bprionsabal, na cláir ama a leagtar amach in Airteagal 3(3) den Rialachán seo chun éisteachtaí os comhair sheirbhísí an Choimisiúin a iarraidh, tá feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le hiarrataí ar éisteachtaí os comhair an Oifigigh Éisteachta. I gcás ina gcuirfear iarrataí éisteachta isteach lasmuigh de na cláir ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna leis na hiarrataí déanacha sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna dea-riaracháin agus do chur i gcrích tráthúil an imscrúdaithe.
- (29) Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tionscnaítear imscrúdú de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 chun a chinneadh, maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainítí, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bíodh siad críochnaithe nó ná bíodh, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, (cóid TARIC 7307 23 10 35, 7307 23 10 40, 7307 23 90 35, 7307 23 90 40), an bhfuil siad ag imchémniú na mbeart arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141.

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 2

1. De bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, glacfaidh údaráis chustaim na mBallstát na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a shainaithnítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a chlárú.
2. Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh an Coimisiún a ordú do na húdaráis chustaim scor den chlárú i ndáil le táirgí a d'allmhairigh onnmhaiseoirí/táirgeoirí a bhfuil iarratas déanta acu ar dhíolúine ó chlárú, agus ar suíodh ina leith go gcomhlíonann siad na coinníollacha le haghaidh dheonú na díolúine.

Airteagal 3

1. Ní mór do na páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Chun a n-uirfíl a chur san áireamh le linn an imscrúdaithe, ní mór do na páirtithe leasmhara a dtuairim a chur in iúl i scríbhinn agus freagraí ar an gceistneoir, iarrataí ar dhíolúintí, nó aon fhaisnéis eile a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach amháin má shonraítear a mhalaírt.
3. Féadfaidh na páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh freisin ar éisteacht os comhair an Choimisiúin laistigh den teorainn ama chéanna de 37 lá. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Maidir le hiarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti.
4. Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchirt tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear a) don Choimisiún an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críche an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gceart chun cosanta a fheidhmiú.
5. Cuirfear an lipéad “Íogair” ar gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras atá curtha ar fáil ag na páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo ⁽⁵⁾. Páirtithe a thíolacann faisnéis le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.
6. Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “Íogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, achoimrí ar a gcuirfear an lipéad “Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara”. Ba cheart do na hachoirí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a tíolacadh faoi rún a thuiscint go réasúnta.
7. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint le hiarraidh gur i modh rúin a gcaithfí leo nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.
8. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (<https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI>) lena n-áirítear iarrataí ar chlárú mar pháirtithe leasmhara, cóipeanna scanta de chumhachtaí aturnae agus de dheimhniúcháin.

Chun rochtain a fháil ar TRON.tdi, tá cuntas EU Login ag teastáil ó pháirtithe leasmhara. Tá treoracha iomlána maidir le conas clárú agus conas TRON.tdi a úsáid ar fáil ar <https://webgate.ec.europa.eu/tron/resources/documents/gettingStarted.pdf>.

⁽⁵⁾ Is doiciméad “Íogair” doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad “COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA”, doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf.

Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh é a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí ríomhphost, seachas i gcás ina n-iarrfaidh siad go soiléir na doiciméid uile ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí ríomhphost, ba cheart do na páirtithe leasmhara na treoracha cumarsáide a cheadú leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

Commission européenne
Direction générale du commerce
Direction G
Bureau: CHAR 04/039
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

TRON.tdi: <https://webgate.ec.europa.eu/tron/tdi>

R-phost: TRADE-R777-SSTPF-MALAYSIA@ec.europa.eu

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/895 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Bealtaine 2022

lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coibhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) agus (2), agus Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 27 Nollaig 2019, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 74/247 maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, agus chinn sé coiste saineolaithe idir-rialtasach *ad hoc* neamhiata a bhunú a bheadh ionadaíoch do na réigiúin uile, chun coibhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.
- (2) Tá rialacha glactha ag an Aontas cheana féin lena gcumhdaítear cuid de na gnéithe, ach ní gach uile ghné, is dóigh a dhéanfar a bhreithniú lena gcur san áireamh sa choinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil. Áirítear leis na rialacha sin go háirithe ionstraimí maidir leis an dlí coiriúil substainteach ⁽¹⁾, maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ⁽²⁾ agus

⁽¹⁾ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle, (IO L 335, 17.12.2011, lgh. 1); Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle, (IO L 218, 14.8.2013, lgh. 8); Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna focaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle, (IO L 123, 10.5.2019, lgh. 18).

⁽²⁾ Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún sin) (IO C 197, 12.7.2000, lch. 1); Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann in ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138); Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53); Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú, (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1); Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coibhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42); Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla, (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

maidir le híoschaighdeáin le haghaidh cearta nós imeachta ⁽³⁾, chomh maith le cosaint sonraí agus coimircí príobháideachais ⁽⁴⁾. Ina theannta sin, ós rud é gur rinneadh agus gur pléadh tograí reachtacha i réimsí gaolmhara breise cheana féin, ba cheart na tograí sin a chur san áireamh a mhéid a bhfuil mar aidhm acu éifeachtacht chreat dlíthiúil an Aontais a atreisiú.

- (3) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil difear a dhéanamh do rialacha áirithe an Aontais nó raon feidhme na rialacha sin a athrú.
- (4) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go leanfaidh rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais de bheith comhsheasmhach, is gá don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, i ndáil le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.
- (5) An 22 Márta 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le straitéis chibearshlándála an Aontais sa deacáid dhigiteach. Mheabhraigh an Chomhairle sna conclúidí sin go bhféadfadh baint a bheith ag roinnt gnéithe den chaibidlíocht sin le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, trína chur i bhfios go láidir go ndéanann sí an méid seo a leanas: ‘tacaíonn sí agus cuireann sí chun cinn Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gCibearchoireacht agus tacaíonn sí agus cuireann sí chun cinn an obair atá ar bun ar an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo. Thairis sin, leanann sí de mhalartuithe iltaobhacha maidir leis an gcibearchoireacht a dhéanamh, lena n-áirítear sna próisis a bhaineann leis an gComhairle Eorpach, le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus leis an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, chun comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a áirithiú chun cur i gcoinne na cibearchoireachta, lena n-áirítear dea-chleachtais agus eolas teicniúil a mhalartú agus tacú le fothú acmhainneachta agus, ag an am céanna, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chur chun cinn agus a chosaint’.
- (6) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit mar a shainítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil agus d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir le coinbhinsiún den sórt sin a thabhairt chun críche, a shíniú nó a dhaingniú.
- (7) Díritear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.
- (8) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis chaibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe i Nua-Eabhrac agus i Vín.

⁽³⁾ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1); Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla, (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1); Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun trúú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le trúú daoine agus le húdarais chonsalachta nuair a chaittear an tsaoirse, (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1); Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnaimh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi drochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thiomhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, -(IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89); Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir na húdarais náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (IO L 337, 18.12.2009, lch. 11).

- (9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 18 Bealtaine 2022 ^(?).
- (10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi réim inniúlachtaí an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.
2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu de réir mar is iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

Airteagal 2

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhar leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don choiste speisialta dá dtagraítear sa chéad alt faoi na céimeanna a glacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis go rialta.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

A mhéid a thagann ábhar na gcaibidlíochta faoi inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát araon, comhoibreoigh an Coimisiún agus na Ballstát i ndlúthchomhar le chéile le linn an phróisis chaibidlíochta, d'fhonn aontacht a áirithiú maidir le hionadaíocht an Aontais agus a Bhallstáit go hidirnáisiúnta.

Airteagal 3

Déanfar an Cinneadh seo agus a aguisín a chur ar fáil don phobal díreach tar éis a nglactha.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

^(?) Tuairim an 18 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
B. LE MAIRE

AGUISÍN

TREORACHA LE hAGHAIDH COINBHINSIÚN CUIMSITHEACH IDIRNÁISIÚNTA A CHAIBIDIL MAIDIR LE CUR I gCOINNE ÚSÁID NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE CHUN CRÍOCH COIRIÚIL

Maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (1) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go bhfuil sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.
- (2) Go gcumasaítear leis an bpróiseas caibidlíochta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar bhealach fóinteach, lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta, na hearnála príobháidí, an agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- (3) Go ndéantar an t-ionchur a fhaightear ó bhaill iomlán na Náisiún Aontaithe a mheas ar bhonn comhionann chun próiseas cuimsitheach a áirithiú.
- (4) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta bunaithe ar chlár oibre éifeachtach réadúil.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (5) Agus ardleibhéal cosanta á áirithiú do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, go bhfónann an Coinbhinsiún mar ionstraim éifeachtach d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha i gcomhrac domhanda na cibearchoireachta, agus é mar aidhm leis bearta a chur chun cinn agus a neartú chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, chun comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú, chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta na n-íospartach, agus chun tacú le fothú acmhainneachta agus le cúnaimh teicniúil i gcomhrac na cibearchoireachta.
- (6) Go gcuirtear san áireamh go hiomlán creat reatha na n-ionstraimí agus na n-iarrachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil seantairí orthu, mar a léirítear i Rúin 74/247 agus 75/282 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Dá réir sin, go bhfuil an Coinbhinsiún comhoiriúnach leis na hionstraimí idirnáisiúnta atá ann cheana, go háirithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus na prótacail a ghabhann leis (2000), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (2003), Coinbhinsiún Bhúdaipeist ó Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht agus na prótacail a ghabhann leis (2001), agus ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile, go háirithe iad sin a bhaineann le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint. Go seachnaíonn an Coinbhinsiún aon tionchar a bheith aige ar chur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin atá ann cheana nó ar aontachas breise aon tíre leo agus, a mhéid is féidir, go seachnaítear dúbailt gan ghá.
- (7) Go gcuirtear san áireamh go hiomlán obair agus torthaí an Staidéir Chuimsithigh ar Chibearchoireacht a rinne an Grúpa saineolaithe idir-rialtasach neamhiata, mar a comhaontaíodh le Rún 75/282 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.
- (8) Go mbaineann forálacha an Choinbhinsiúin an chosaint is airde is féidir ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha amach. Ba cheart Ballstáit an Aontais a bheith in ann an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Ba cheart forálacha an Choinbhinsiúin a bheith i gcomhréir freisin le hoibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát.

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (9) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sainmhínte ar chionta nach féidir a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as córais ríomhaireachta.
- (10) Ar choinníoll go ráthaítear coinníollacha agus coimirce leordhóthanacha agus cosaint leordhóthanach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, mar eisceacht ar an bprionsabal atá leagtha amach i mír 9, go bhféadfaí foráil a dhéanamh sa Choinbhinsiún maidir le sainmhínte ar chionta is féidir a dhéanamh gan córais ríomhaireachta a úsáid ach is féidir a chumasú trí chórais ríomhaireachta a úsáid in imthosca áirithe, ach amháin i gcásanna ina ndéanann rannpháirtíocht na gcórais ríomhaireachta athrú suntasach ar shaintréithe nó ar thionchar na gcionta.
- (11) Go bhfuil na cionta sainmhínte go soiléir cúng ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go bhfuil na sainmhínte comhoiriúnach leis na sainmhínte sin i gcoinbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na cibearchoireachta, agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

- (12) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le rialacha i ndáil le comhpháirteachas, agus i gcás inarb iomchuí, rialacha i ndáil le hiarracht a dhéanamh ar chionta den sórt sin, rialacha i ndáil le dliteanas daoine nádúrtha agus dlítheanacha as na cionta sin, rialacha i ndáil le dlínse ar chionta den sórt sin a bhunú, agus i ndáil le smachtbhannaí agus bearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i dtaca leis na cionta sin atá comhoiriúnach le coimbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.
- (13) Go bhforáiltear leis an gCoinbhinsiún do bhearta nós imeachta coiriúla lena gceadaítear do na húdaráis imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chibearchoireacht, lena bhféadfaí a áireamh, ar choinníoll go bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha, bearta chun fianaise leictreonach ar aon chion coiriúil a chaomhnú nó a fháil mar chuid d'imscrúdú coiriúil nó d'imeacht coiriúil agus, i gcás, ina theannta sin, ina bhfuil gá léirithe agus breisluach, bearta chun fáiltais ó chuireanna den sórt sin a reo agus a choigistiú, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta, na dlíthiúlachta agus an éigin, ar chosaint na gcearta a bhaineann le hurraim do phríobháideachas agus ar chosaint sonraí pearsanta.
- (14) Nach dtagann na bearta nós imeachta coiriúla sin salach ar choinbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus go bhfuil siad comhoiriúnach le coimbhinsiún den sórt sin agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha.
- (15) Go bhfuil sainmhíniú soiléir cúng ar an gcineál sonraí a chumhdaítear sna bearta nós imeachta chun fianaise leictreonach a chaomhnú nó a fháil. Go n-áirítear, le bearta nós imeachta le haghaidh comhar le heintitis san earnáil phríobháideach, go bhfuil an t-ualach ar eintitis den sórt sin comhréireach agus go dtugann eintitis san earnáil phríobháideach urraim iomlán do dhlíthe lena gcosnaítear cearta daonna a n-úsáideoirí. Go dtugann an Coinbhinsiún soiléireacht dhlíthiúil do sholáthraithe seirbhíse ar líne (e.g. soláthraithe seirbhíse Idirlín) ina n-idirghníomhaíochtaí le húdaráis forfheidhmithe dlí na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún. Nach mbaineann na bearta nós imeachta chun ábhar neamhdhleathach a bhaint ach le hábhar neamhdhleathach a bhíonn sách sonrach agus sainmhínte go cúng sa Choinbhinsiún.
- (16) Go bhforáiltear leis an gCoinbhinsiún do bhearta comhair lena gceadaítear d'údaráis i Stáit éagsúla atá ina bpáirtithe san ionstraim comhoibriú go héifeachtach trí chúnaimh dlíthiúil frithpháirteach, lena n-áirítear trí phointí teagmhála a bhunú, chun críche imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí maidir le cionta a shainmhíneáil san ionstraim. Go bhféadfaí foráil a dhéanamh leis freisin do bhearta comhair den sórt sin chun críche fianaise leictreonaí ar aon chion coiriúil a chaomhnú nó a fháil mar chuid d'imscrúdú coiriúil nó d'imeacht coiriúil, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin faoi réir coinníollacha agus coimircí leordhóthanacha faoi dhlí náisiúnta na Stát, lena bhforálfar do chosaint leordhóthanach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha.
- (17) Go bhfuil na bearta comhair sin comhoiriúnach le coimbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus nach dtagann siad salach ar choinbhinsiún den sórt sin, ar chaighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine ná ar shaoirsí bunúsacha.
- (18) Go bhfuil bearta comhair faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Pháirtí iarrtha agus go ndéantar foráil leo maidir le forais leathana le diúltú amhail cosaint na gcearta bunúsach a áirithiú, lena n-áirítear an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs aistrithe sonraí pearsanta, agus coiriúlacht dhúbailte a bheith ann.
- (19) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le coinníollacha do chionta agus coimircí láidre chun a áirithiú gur féidir le Ballstáit an Aontais cearta bunúsacha, saoirsí agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha a urramú agus a chosaint, lena n-áirítear, go háirithe, prionsabail na comhréireachta, dlíthiúlacht agus riachtanas cionta coiriúla agus pionóis, ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta nós imeachta, an ceart chun sásaimh bhreithiúnaigh éifeachtaigh, toimhde na neamhchiontachta, an ceart chun trialach córa, agus cearta cosanta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla, an ceart nach ndéanfaí duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna, mar aon leis an gceart chun príobháideachais, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta agus sonraí cumarsáide leictreonaí a chosaint, lena n-áirítear aistrithe chuig údaráis i dtíortha lasmuigh den Aontas agus an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise. Go n-áirítear leis an gCoinbhinsiún, go háirithe, go mbeidh Ballstáit an Aontais in ann na ceanglais maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta de réir bhrí Threoir (AE) 2016/680, Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE a chomhlíonadh. Go n-áirítear leis na coinníollacha agus leis na coimircí freisin go gcosnófar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Beidh feidhm aige sin maidir leis an gCoinbhinsiún ina iomláine, lena n-áirítear bearta nós imeachta agus bearta comhair, lena n-áirítear na bearta nós imeachta agus bearta comhair sin a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chearta daoine aonair.

- (20) Go gcuireann an Coinbhinsiún bonn ar fáil maidir le bearta forbartha acmhainneachta deonacha chun tacú le tíortha ina gcumas imscrúduithe agus imeachtaí éifeachtacha cibearchoireachta a dhéanamh agus chun fianaise leictreonach haghaidh imscrúduithe agus imeachtaí cionta eile a fháil, lena n-áirítear trí bhíthin cúnaimh teicniúil agus oiliúint. Go bhfuil ról ag UNODC a bhfuil cur síos soiléir déanta air maidir le cur chun feidhme na mbeart sin.
- (21) Go n-áirithíonn an Coinbhinsiún go bhfaigheann daoine atá ina n-íospartaigh i ngeall ar an gcibearchoireacht cúnaimh, tacaíocht, agus cosaint iomchuí mar aon le rochtain ar chúiteamh.
- (22) Go gcuireann an Coinbhinsiún bonn ar fáil maidir le bearta praiticiúla chun an chibearchoireacht a chosc, ar bearta iad a shainmhíneáil go soiléir agus atá teoranta go docht agus atá éagsúil ó bhearta nós imeachta coiriúil a d'fhéadfadh cur isteach ar chearta agus ar shaoirsí daoine aonair nó daoine dlítheanacha.

Maidir le feidhmiú an Choinbhinsiúin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

- (23) Go gcaomhnaíonn an Coinbhinsiún na hionstraimí domhanda agus réigiúnacha atá ann cheana agus an comhar idirnáisiúnta leanúnach sa chomhrac domhanda i gcoinne na cibearchoireachta. Go háirithe, gur féidir le Ballstáit an Aontais, ina gcaidreamh frithpháirteach, leanúint de rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm.
- (24) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sásra iomchuí chun a áirithiú go gcuirfeadh chun feidhme é agus déantar foráil maidir le forálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear forálacha maidir le réiteach díospóidí, síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, fionraí, séanadh agus taiscí agus teangacha a mhúnláitear nuair is féidir agus is iomchuí de réir forálacha coinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta.
- (25) Go gceadaíonn an Coinbhinsiún don Aontas Eorpach a bheith ina pháirtí ann.

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

- (26) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Coinbhinsiún comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.
- (27) Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, maidir le hábhair a thagann faoina iniúilacht, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus ar ghlac an tAontas rialacha ina leith.
- (28) Ní mór an chaibidlíocht, lena n-áirítear gach babhta caibidlíochta, a ullmhú i bhfad roimh ré. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin scéideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil agus comhroinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.
- (29) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhúis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn phróiseas na caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le sainéolaithe na mBallstát agus le hionadaithe i Vín agus i Nua Eabhrac.
- (30) Roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádaí a cheapadh, de réir mar is iomchuí.
- (31) Tuairisceoidh an Coimisiún don Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin chaibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.
- (32) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla.

CINNEADH (AE) 2022/896 ÓN gCOMHAIRLE
an 2 Meitheamh 2022

lena gceaptar comhalta amháin agus comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don Rómáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

Ag féachaint do liostaí comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Trí bhíthin Chinneadh an 9 Aibreán 2019 ⁽²⁾ uaithi, cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.
- (2) Tá dhá ainmniúchán tíolachta ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope le haghaidh dhá phost atá le líonadh don Rómáin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar na daoine a leanas mar chomhalta agus mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2023:

IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

Tír	Comhalta	Comhalta malartach
an Rómáin	Marius OLARIU	Victorița Mihaela GRIGORE

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 2 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. DE MONTCHALIN

⁽¹⁾ IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO C 135, 11.4.2019, lch. 7).

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)